


COMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

# Tuarascáil Bhliantúil 2022



## Ráiteas Misin

*Is é Ár Misean ná seirbhís rialtais áitiúil ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Chontae Cheatharlach tríd an gcomhshaol a chosaint agus a bhreisiú agus trí cháilíocht na beatha a fheabhsú.*

***Plúiríní sneachta – Gairdíní Altamont***



# Clár Ábhar


Nóta Comh-Bhrollaigh ..... 2
Maidir lenár gComhairle ..... 3
Cruinnithe na Comhairle sa bhliain 2022 ..... 6
Coistí Beartais Straitéisigh ..... 7
An Comhchoiste Póilíneachta ..... 9
An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ..... 10
Gnóthaí Corparáideacha ..... 11
Sláinte agus Sábháilteacht ..... 16
Acmhainní Daonna ..... 16
Pleanáil agus Forbairt ..... 17
Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tionscadal Speisialta ..... 20
Forbairt Eacnamaíoch ..... 22
An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide ..... 24
Seirbhísí Uisce ..... 30
Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Foirgníochta ..... 32
Bóithre, Iompar agus Tionscadail Speisialta ..... 38
Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach ..... 44
An Rannóg Tithíochta ..... 46
An Fhreagairt Dhaonnúil Úcránach ..... 48
Pobal, Áineas agus Taitneamhacht ..... 49
Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach ..... 53
An tSeirbhís Ealaíon ..... 55
An Músaem ..... 58
Leabharlann Contae Cheatharlach ..... 61
Seirbhísí Oidhreachta ..... 66
Mótarcháin ..... 68
Aguisíní ..... 69

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín 1 | Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ag an 31 Nollaig 2022 | 70 |
| Aguisín 2 | Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais) Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 | 71 |
| Aguisín 3 | Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chomhdhálacha/Oiliúint sa bhliain 2022 | 72 |
| Aguisín 4 | Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chruinnithe a tionóladh sa bhliain 2022 | 74 |
| Aguisín 5 | Íocaíochtaí le Comhaltaí Tofa sa bhliain 2022 | 75 |
| Aguisín 6 | Cearta an Duine | 76 |
| Aguisín 7 | An Fhoireann Ardbhainistíochta | 77 |
| Aguisín 8 | An Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil | 78 |
| Aguisín 9 | Struchtúr Eagrúcháin | 79 |

# Nóta Comh-Bhrollaigh

**Contae bríomhar forásach atá tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana is ea Ceatharlach. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta do sheirbhísí poiblí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla, do chuairteoirí agus do chuideachtaí nua agus do chuideachtaí atá ann cheana. Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle seo timpeallacht a chruthú inar féidir fás eacnamaíoch agus sárcháilíocht beatha do chách a bhaint amach.**

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Cheatharlach don bhliain 2022 a chur i láthair, ina leagtar amach an obair a rinne an Chomhairle chun seirbhísí poiblí tábhachtacha a sholáthar le linn na bliana. Cabhraíonn an méid sin ar fad le Contae Cheatharlach a dhéanamh ina áit tharraingteach chun obair, chun cónaí agus chun gnó a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air. Bhí maolú ann sa phaindéim coróinvíris ar fud an domhain sa bhliain 2022, rud a d'fhág go raibh éifeacht níos lú aici ar sholáthar Sheirbhísí na Comhairle, agus formhór na seirbhísí ag filleadh ar a ngnáthoibriú.

Aistríodh cruinnithe na Comhairle chuig samhail hibrideach anois, agus aistríodh roinnt cruinnithe chuig ardáin ar líne go hiomlán. Is mian linn buíochas a ghabháil le baill foirne, le comhaltaí tofa agus leis an bpobal as a inoiriúnaí a bhí siad d'aistriú chuig dóigheanna nua oibre agus do sheirbhísí a sholáthar dár gcuid custaiméirí agus toghthóirí. D'oiriúnaigh an Chomhairle Seomra na Comhairle agus a príomhsheomraí cruinnithe eile chun go soláthrófaí an teicneolaíocht a theastaíonn chun cruinnithe hibrideacha a éascú, agus é measta a bheith ar an tsamhail nua oibre amach anseo.

Chuaigh Kathleen Holohan, ár bPríomhfheidhmeannach, ar scor sa bhliain 2022 freisin. Gabhaimid buíochas le Kathleen as a tiomantas do Chomhairle Contae Cheatharlach agus don mhéid a rannchuidigh sí leis an Earnáil Rialtais Áitiúil ar fud a gairme fada. Ceapadh Michael Rainey mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach go dtí go líonfadh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an post.

De réir mar a théimid amach ón mbliain 2022 agus isteach sa bhliain 2023, táimid ag súil le leanúint le Seirbhísí na Comhairle a sholáthar ar dhóigh éifeachtúil éifeachtach dár gcustaiméirí uile. Sa bhliain 2023, leagfar díriú luathaithe ar thionscnaimh a bhaineann leis an athrú aeráide, le taisteal gníomhach, leis an oidhreacht agus leis an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí agus na tacaí a sholáthraíonn an Chomhairle do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus do phobail ar bhonn tráthrialta.



**Brian O'Donoghue**
Cathaoirleach



**Michael Rainey**
Príomhfheidhmeannach Eatramhach

# Maidir lenár gComhairle

**Tá Contae Cheatharlach lonnaithe istigh faoin tír in Oirdheisceart na hÉireann i gCúige Laighean agus tá sé 896 chiliméadar chearnacha ar achar. Tá láthair straitéiseach ag an gContae agus tá rochtain shármhaith aige ar bhonneagar iompair trína láthair ar mhótarbhealach an M9 idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge, an phríomhlíne iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Port Láirge agus bóthar náisiúnta an N80 lena nasctar Eoraphort Ros Láir chuig an Lár Tíre.**

B'ionann agus 61,931 duine daonra Chontae Cheatharlach a taifeadadh i nDaonáireamh 2022. Tá Baile Cheatharlach, arb é an baile contae é, lonnaithe in iarthuaisceart an Chontae feadh na teorann le Contae Laoise.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 18 gcomhalta thofa laistigh de thrí cheantar bhardasacha (Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag). Toghann na comhaltaí an Cathaoirleach gach bliain.


Mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, déanann ceithre Choiste Beartais Straitéisigh beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na Coistí comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus de dhaoine atá ainmnithe chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna earnálacha seachtracha.



*Garrán Duckett*

## Ceantar Bardasach Cheatharlach (7)

| | |
|---|---|
| An Comh. Fergal Browne | FG |
| An Comh. John Cassin | Neamhspleách |
| An Comh. Andrea Dalton | FF |
| An Comh. Ken Murnane | FF |
| An Comh. Tom O'Neill | FG |
| An Comh. Fintan Phelan | FF |
| An Comh. Adrienne Wallace | Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |




## Ceantar Bardasach na Tulaí (6)

| | |
|---|---|
| An Comh. John McDonald | FF |
| An Comh. Charlie Murphy | Neamhspleách |
| An Comh. John Murphy | FG |
| An Comh. Brian O'Donoghue | FG |
| An Comh. William Paton | Páirtí an Lucht Oibre |
| An Comh. John Pender | FF |

## Ceantar Bardasach Mhuine Bheag (5)

| | |
|---|---|
| An Comh. Michael Doran | FG |
| An Comh. Andy Gladney | SF |
| An Comh. Thomas Kinsella | FG |
| An Comh. Arthur McDonald | FF |
| An Comh. William Quinn | Páirtí an Lucht Oibre |

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH



An Comh.
Fergal Browne



An Comh.
John Cassin



An Comh.
Andrea Dalton



An Comh.
Ken Murnane



An Comh.
Tom O'Neill



An Comh.
Fintan Phelan



An Comh.
Adrienne Wallace

## CEANTAR BARDASACH NA TULAÍ



An Comh. John
McDonald



An Comh. Charlie
Murphy



An Comh.
John Murphy



An Comh.
Brian O'Donoghue



An Comh.
William Paton



An Comh.
John Pender

## CEANTAR BARDASACH MHUINE BHEAG



An Comh.
Michael Doran



An Comh.
Andy Gladney



An Comh.
Thomas Kinsella



An Comh.
Arthur McDonald



An Comh.
William Quinn

# Cruinnithe na Comhairle sa bhliain 2022

**13** An líon cruinnithe de chuid na Comhairle Iomlánaíche

**17** An líon cruinnithe de chuid na gCoistí Beartais Straitéisigh

**3** An líon cruinnithe de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta

**12** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach Cheatharlach

**13** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach na Tulaí

**10** An líon cruinnithe de chuid Cheantar Bardasach Mhuine Bheag

**5** An líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh um Chóiríocht don Lucht Siúil

**11** An líon cruinnithe de chuid an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh

**11** An líon cruinnithe de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil/an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúla

# Coistí Beartais Straitéisigh

**Is é cuspóir na gCoistí Beartais Straitéisigh ná ceapadh, forbairt, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Contae Cheatharlach agus comhairle a chur ar an gComhairle dá réir.**

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach ceithre Choiste Beartais Straitéisigh, a bhfónann Stiúrthóir Seirbhíse do gach ceann díobh. Roghnaíonn an Chomhairle na Cathaoirligh ar na Coistí Beartais Straitéisigh ag an gcruinniú ceann bliana.

### An Coiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil, Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta, Fuinneamh agus Talmhaíocht

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. Thomas Kinsella

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. Fergal Browne, an Comh. Charlie Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. William Paton, an Comh. Fintan Phelan, an Comh. Adrienne Wallace.

**Comhaltaí Seachtracha:**

Liam Kelly, Brian O'Farrell, Liam O'Brien (an Líonra Rannpháirtíochta Pobail), Matthew English-Hayden (an Líonra Rannpháirtíochta Pobail), George Collier (Feirmeoireacht Talmhaíochta Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann)

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022 – 2028
- An tEolas is Deireanaí ar an mBeartas um Bithéagsúlacht agus Speicis Ionracha
- An Beartas don Bhalla Colmlainne ag Reilig Mhuire, Ceatharlach
- Fodhlíthe Ionad Adhlactha
- An Beartas Soláthair Ghlais
- An tEolas is Deireanaí ar an tuarascáil ar Ghnólachtaí Éireannacha in aghaidh an Bhruscair (IBAL)
- Criosanna Dícharbónaithe
- Tionscadal Bhaile an Phaoraigh um Rochtain do Chách

### An Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht, Pobal agus Folláine

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. Arthur McDonald

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Andy Gladney, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. William Quinn.

**Comhaltaí Seachtracha:**

Joe Butler (an Líonra Rannpháirtíochta Pobail), Ahmed Adam (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail), Eileen Brophy (an Earnáil Forbartha/ Foirgníochta/Chambers Ireland), John McHugh (Ionadaí Comhshaoil an Líonra Rannpháirtíochta Pobail)

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile cúig huaire sa bhliain 2022. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- An Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2022-2027
- Tithíocht do Chách – Athruithe beartais agus sásraí soláthair
- Cigireachtaí ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos – Na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin maidir le Tithe ar Cíos), 2019
- Láithreoireacht ar an mBeartas um Chuibhrinn Phobail
- Láithreoireacht ar Thithíocht Inacmhainne
- Ríomhanna Cíosanna Difreálacha agus Cíosanna Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta
- Athruithe ar Leibhéil Lánroghnacha na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta
- An Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- An Scéim um Chéad Teach

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíoch

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. Michael Doran

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. Andrea Dalton, an Comh. John McDonald, an Comh. John Murphy, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. John Pender.

**Comhaltaí Seachtracha:**

Brian O'Farrell, an Earnáil Gnó/Tráchtála/ Chambers Ireland, Eileen O'Rourke, Ionadaí Earnála Gnó/Deonaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Jolly O'Rock, Ionadaí Cuimsithe Shóisialta an Líonra Rannpháirtíochta Pobail

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile cúig huaire sa bhliain 2022. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- Clár Oibre an Bheartais Straitéisigh – Forbairt Eacnamaíoch 2022
- An tEolas is Deireanaí ar Straitéis Turasóireachta agus Oidhreachta Thigh Moling
- inCarlow – Straitéis Forbartha Eacnamaíche agus Tacaíochta Gnó 2022-2027
- An Dréacht-Phlean Oibre um Chultúr, Leabharlanna agus Forbairt Dhigiteach, Turasóireacht, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíoch 2022/2023
- An Straitéis Forbartha Ceardaíochta agus Fiontar Sóisialta
- Suirbhé ar Shásamh Custaiméirí Leabharlainne, Straitéis Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (LAMN) 2022-2026
- An tEolas is Deireanaí ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail

## An Coiste Beartais Straitéisigh um Iompar agus Bonneagar

**Faoi chathaoirleacht ag:**

An Comh. William Paton

**Na Comhaltaí den Chomhairle:**

An Comh. Michael Doran, an Comh. Andy Gladney, an Comh. John McDonald, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Brian O'Donoghue.

**Comhaltaí Seachtracha:**

John Brophy, an Earnáil Gnó/Tráchtála/ Chambers Ireland, Jackie Meally (Ionadaí Earnála Gnó/Deonaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) Rowena Dooley, an Earnáil Forbartha/Foirgníochta/Chambers Ireland, John Tully, Ionadaí Comhshaoil/ Caomhantais an Líonra Rannpháirtíochta Pobail

**Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022. Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:**

- An tEolas is Deireanaí ó Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach
- Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha
- Seirbhís Bus Bhaile Cheatharlach
- Nósanna imeachta oibriúcháin an Bhalla Colmlainne
- Plean Sábháilteachta Dóiteáin a Fhorbairt
- An dréachtbheartas maidir le tógáil toibreacha príobháideacha a chaighdeánú
- An t-eolas is deireanaí ar an mbeartas um pábháil mhaisiúil agus ar an mbeartas um thréscaoilteacht
- An tEolas is Deireanaí ar an Tionscadal um Dhraenáil Inbhuanaithe dhúlrabhunaithe, Ráth Bhile
- An Straitéis um Bonneagar Glas
- Treoirlínte Láimhe Luasteorainneacha an Tionscadail Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsiúcháin Phoiblí

# An Comhchoiste Póilíneachta

**Foráiltear le hAcht an Gharda Síochána 2005 (Alt 36) do Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú i ngach Údarás Áitiúil. Is é aidhm fhoriomlán an Chomhchoiste Póilíneachta ná fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíneacht Chontae Cheatharlach.**

| |
|---|
| **Cathaoirleach:** |
| An Comh. Michael Doran |
| **Na Comhaltaí den Chomhairle:** |
| An Comh. Fergal Browne, an Comh. John Cassin, an Comh. Andrea Dalton, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Tom O'Neill, an Comh. Fintan Phelan, an Comh. John McDonald, an Comh. John Murphy, an Comh. Brian O'Donoghue, an Comh. William Paton, an Comh. John Pender, an Comh. Arthur McDonald |
| **Na Comhaltaí den Oireachtas:** |
| Malcolm Noonan TD, Jennifer Murnane O'Connor TD |
| **Comhaltaí Feidhmiúcháin:** |
| Michael Rainey, Príomhfheidhmeannach Eatramhach, Kieran Cullinane, Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach um Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch agus Gnóthaí Corparáideacha |
| **Ionadaithe Pobail don Choiste Rannpháirtíochta Pobail:** |
| Martin Tuite, Michael Nolan agus Caroline Dargan |
| **Ionadaithe don Gharda Síochána:** |
| An tArd-Cheannfort Padraig Dunne, Cill Chainnigh, agus an Ceannfort Aidan Brennan, Ceatharlach |
| **Ionadaithe Eile don Phobal:** |
| John Brophy, an Comhlachas Tráchtála, Anton Scheele, Cúnamh do Mhná, Ceatharlach, Michael Lyons, Ionadaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail do Chéadfhreagróirí Pobail Bhaile Cheatharlach, William Roche, an Cumann um an Tulach a Fhorbairt |



*Stáisiún Gardaí Bhalana*

# An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

**Cuireadh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Cheatharlach ar bun sa bhliain 2014 chun cur chuige comhleanúnach comhtháite a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa Chontae.**

Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil comhdhéanta de naoi gcomhalta dhéag, idir chomhaltaí reachtúla agus chomhaltaí neamhreachtúla, agus tá ceathrar díobh ina gcomhaltaí tofa.

**Bhí 11 chruinniú ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach sa bhliain 2022.**

| **Leasanna Reachtúla** | |
|---|---|
| An Comh. Andrea Dalton | Comhalta Tofa |
| An Comh. Thomas Kinsella | Comhalta Tofa |
| An Comh. Tom O'Neill | Comhalta Tofa |
| An Comh. Willie Quinn | Comhalta Tofa |
| Michael Rainey | Príomhfheidhmeannach Eatramhach, Comhairle Contae Cheatharlach |
| Kieran Comerford | Ceann Fiontair, Comhairle Contae Cheatharlach |
| Noel Barry | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| Sarah Barron | Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Joan-Ita Murphy | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | |
| Folamh | Grúpa Feabhsúcháin Mhuine Bheag (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Padraig Dooley | Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (Ionadaí Leasanna Pobail agus Deonacha ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Lynda Stacey | Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| John Murphy | BEAM, Muine Bheag (Ionadaí Cuimsithe Shóisialta ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Molly Aylesbury | Líonra Comhshaoil Cheatharlach (Ionadaí don Choláiste Comhshaoil ar an Líonra Rannpháirtíochta Pobail) |
| Annette Fox | Carlow County Development Partnership CLG |
| Rowena Dooley | Comhlachas Tráchtála Cheatharlach (Gnó agus Fostóirí) |
| George Hatton | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Folamh | Ealaíona agus Cultúr - an tSochaí Shibhialta |
| Eileen O'Rourke | Turasóireacht Cheatharlach |

# Gnóthaí Corparáideacha

**56**
**An líon iarratas Saorála Faisnéise a fuarthas**

**44,067**
**An líon Toghthóirí a bhí cláraithe chun vóta a chaitheamh**

**3**
**An líon Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí**

**Soláthraíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha seirbhís éifeachtach éifeachtúil tacaíochta don Chathaoirleach, do na Comhaltaí Tofa agus don Fhoireann Ardbhainistíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sí seirbhísí ginearálta do dhaoine den phobal. Déanann sí faireachán agus athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle ar bhonn leanúnach. Tá sí freagrach freisin as raon leathan seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú. Áirítear leo sin:**

- Cruinnithe na Comhairle, an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, Cheantar Bardasach Cheatharlach agus an Chomhchoiste Póilíneachta a bhainistiú, Freastal na gComhairleoirí ar Chomhdhálacha
- Liúntais agus Costais Comhairleoirí a Íoc, Fáiltithe Cathartha, Nascadh le Comhlachtaí Náisiúnta amhail LAMA agus ACCC, agus Comhchoistí Póilíneachta
- Tuarascálacha Reachtúla, Tuarascáil Mhíosúil ón bPríomhfheidhmeannach, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Soláthair Seirbhísí agus an Plean Corparáideach a ullmhú
- Clár na dToghthóirí agus Toghcháin Áitiúla
- Seirbhís do Chustaiméirí, Cumarsáidí Corparáideacha – Preaseisiúintí
- Táscairí Feidhmíochta Seirbhíse do Chustaiméirí a Chomhordú
- Cúirt an Chróinéara, Réadmhaoin na Comhairle a Bhainistiú
- Rialachas Corparáideach, Eitic agus an Clár Síntiús
- Saoráil Faisnéise, an tOmbudsman, Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta, Seirbhísí Cartlainne
- An Scéim Gaeilge, an Plean um Míchumas
- An Clár Comhpháirtíochta idir Scoileanna agus Gnó
- Táscairí Seirbhíse a chomhordú
- Bainistíocht Móréigeandála – Cumarsáid. Dul i dteagmháil leis an bpobal, leis na meáin agus le Comhairleoirí, lena n-áirítear le linn drochaimsire




*Sam Watson, Fintan Phelan, Cathaoirleach, Michael Rainey agus Marcus Lawler*



*Gradaim an Mhéara*

## Fáiltithe Cathartha

Cuireadh Fáiltiú Cathartha ar siúl an 18 Bealtaine 2022 chun aitheantas a thabhairt do Marcus Lawler agus Sam Watson as an méid iontach a rannchuidíonn siad leis an spórt i gCeatharlach agus chun onóir a thabhairt dóibh as a n-éachtaí i gcáiliú le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo agus i ndul san iomaíocht iontu. Cuireadh an ócáid ar siúl in Óstán Dolmen, Ceatharlach, agus d'fhreastail Comhaltaí Tofa, oifigigh, baill teaghlaigh agus cairde uirthi.

## Fáiltiú Méara

D'óstáil Ken Murnane, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach, agus comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach Fáiltiú Méara chun onóir a thabhairt do ghrúpaí agus daoine aonair ón limistéar áitiúil as a n-éachtaí iontacha agus as a gcuid oibre laistigh den phobal. Bhí an ócáid sin ar siúl an 8 Meitheamh 2022 i Halla an Bhaile, Ceatharlach.

Fuair na daoine seo a leanas gradaim Mhéara:

- ➜ Randal Dempsey, Cur Chun Cinn John Tyndall
- ➜ An tAth. Conn Ó Maoldhomhnaigh, Coláiste Cheatharlach
- ➜ Justin Kelly, An Líne Dhubh
- ➜ Bríde de Róiste, Paráid Lá Fhéile Pádraig
- ➜ Ken Tucker, Líonra Bailte Slachtmhara Chontae Cheatharlach
- ➜ Eugene Walsh, Oibrí Deonach Pobail

## Soilsigh le haghaidh Feasachta

D'eagraigh an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha a lán imeachtaí soilsithe méadaithe feasachta do charthanais éagsúla agus do chúiseanna éagsúla ar fud na bliana 2022.

Áiríodh leo sin:

- ➜ BUÍ le haghaidh Chumann Ailse na hÉireann, Lá Lus an Chromchinn (25 Márta 2022)
- ➜ GLAS le haghaidh na Seachtaine Feasachta i leith Deontóirí Orgáin, an Cumann Duán (27 Aibreán 2022)
- ➜ GORM le haghaidh Make A Wish (28 Aibreán 2022)



***Soilsiú Fhoirgnimh an Chontae le haghaidh na Seachtaine um Dheonú Orgán***

- CORCRA le haghaidh Mí-Úsáid Baile (29 Aibreán 2022)
- GORM le haghaidh Feasacht ar Néaraifiobrómatóis (20 Bealtaine 2022)

## Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae Cheatharlach a chur le chéile. Faoin Acht nua um Athchóiriú Toghcháin, 2022, seoladh clár nua darb ainm ‘Nua-aoisiú Chlár na dToghthóirí’ chun an próiseas clárúcháin toghthóirí a athchóiriú. Foráiltear leis do chlárú rollach, nó clárú leanúnach, lena ndéanfar an próiseas a chaighdeánú agus a shimpliú.

Chun tacú le tuilleadh rannpháirtíochta, foráladh freisin do roinnt gnéithe breise, lena n-áirítear clárú gan ainm a éascú do dhaoine a bhféadfadh go gcuirfí a sábháilteacht i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainm sa chlár; forálacha chun réamhchlárú a chumasú do dhaoine atá 16 bliana d’aois agus 17 mbliana d’aois; socruithe dóibh sin nach bhfuil aon seoladh seasta acu; agus roghanna níos fearr agus níos solúbtha a sholáthar do dhaoine nach bhfuil in ann freastal ar stáisiúin vótála chun vóta a chaitheamh toisc go bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu.

Ba é an líon iomlán toghthóirí a bhí cláraithe chun vóta a chaitheamh sa bhliain 2022 ná **44,059** nduine, agus 16,416 dhuine díobh i dToghlimistéar Áitiúil Cheatharlach, 13,004 dhuine díobh i dToghlimistéar Áitiúil Mhuine Bheag agus 14,639 nduine díobh i dToghlimistéar Áitiúil na Tulaí.

| | |
|---|---|
| **Toghthóirí don Toghchán Uachtaránachta** | 41,991 |
| **Toghthóirí don Toghchán don Dáil** | 42,494 |
| **Toghthóirí don Toghchán Eorpach** | 42,970 |
| **Toghthóirí Féideartha don Toghchán Eorpach** | 64 |

Moltar do vótálaithe an clár ag www.checktheregister.ie a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil siad cláraithe agus go bhfuil a mionsonraí ceart.

## Seirbhísí do Chustaiméirí

Leanann na baill foirne ag an deasc Seirbhísí do Chustaiméirí i Halla an Chontae ar aghaidh ag soláthar seirbhísí túslíne don phobal, bíodh sé i bpearsa, trí ríomhphost nó ar an bhfón.

## Réadmhaoin Chorparáideach

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an Réadmhaoin Chorparáideach ar fad (seachas Tithíocht Shóisialta agus Bóithre) agus as í a chothabháil.  Soláthraíodh tacaí agus seirbhísí a bhaineann le réadmhaoin. Áirítear leo sin, díol, ceannach agus léasanna réadmhaoine le páirtithe eile agus ó pháirtithe eile a thíolacadh, diúscairtí alt 183, ceisteanna a bhaineann le talamh, árachas, agus bainistíocht saoráidí.

## Gnó sa Phobal in Éirinn

I gcomhpháirt le Coláiste Tyndall, tá Comhairle Contae Cheatharlach ag glacadh páirt le roinnt blianta anuas sa Chlár um Scileanna ag an Obair atá á reáchtáil ag Gnó sa Phobal in Éirinn. Sa chlár sin, tugtar spreagadh do dhaltaí chun



*An Clár um Scileanna ag an Obair arna reáchtáil ag Gnó sa Phobal in Éirinn le Daltaí Choláiste Tyndall agus Comhairle Contae Cheatharlach*

a scolaíocht a chríochnú agus tugtar deis dóibh le breithniú a dhéanamh ar an lear roghanna ilchineálacha gairme agus staidéir a bheidh ar fáil dóibh ar chríochnú na scolaíochta dóibh. Gnóthaíonn na daltaí léargas ar ról oibre Chomhairle Contae Cheatharlach laistigh dá bpobal agus feiceann siad i bpearsa cé na conairí gairme féideartha atá ar fáil dóibh.

D'fhreastail na daltaí ar roinnt cainteanna ar líne agus i bpearsa ar sheirbhísí, róil agus freagrachtaí an rialtais áitiúil, ar chaint 'lá sa saol' inar thug baill foirne Chomhairle Contae Cheatharlach léargas ar na gairmeacha éagsúla atá ar fáil laistigh den rialtas áitiúil, agus ar chuairt chianda ar an Seomra. Is é a bhí i gceist leis an gcéim dheiridh den chlár ná gur thug an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha comhairle maidir le CV a chur le chéile agus maidir le hullmhú d'agallamh, mar aon le hagallaimh bhréige a reáchtáil agus le haiseolas a bheith á thabhairt ag Baill Foirne na Rannóige Gnóthaí Corparáideacha. Fuarthas torthaí an-dearfach ar na measúnuithe bliantúla a rinneadh ar an scéim le roinnt blianta anuas.

## Cosaint Sonraí

Déanann Comhairle Contae Cheatharlach an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaigheann sí a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016, agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ón 25 Bealtaine 2018 i leith. Tá feidhm ghinearálta aige maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil san Aontas Eorpach, agus oibleagáidí níos fairsinge ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe á leagan amach agus cosaintí neartaithe agus cearta neartaithe á soláthar d'ábhair sonraí. D'oibrigh an tOifigeach Cosanta Sonraí go gníomhach le rannóga chun Measúnuithe Tionchair ar Phríobháideachas Sonraí a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí a sainaithníodh.

## Bainistíocht Taifead agus Cartlann

Tá an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha freagrach as an mBeartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil a chur chun feidhme agus as an tSeirbhís Cartlainne Contae a fhorbairt. Tá Ionad Cartlainne Chomhairle Contae Cheatharlach lonnaithe ar Bhóthar Uí Bhriain i mBaile Cheatharlach agus cinntíonn sé go ndéantar taifid a dhoiciméadú agus a chartlannú.

## Cruinnithe na Comhairle

Tá ag Comhairle Contae Cheatharlach **18** gComhalta Thofa, a dhéanann ionadaíocht do thrí cheantar bhardasacha, mar atá Ceatharlach, an Tulach agus Muine Bheag. Bainistíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha Cruinnithe Chomhairle Contae Cheatharlach, Cruinnithe Cheantar Bardasach Cheatharlach, cruinnithe an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh agus Toscaireacht.

## Tuarascáil Mhíosúil ar Dhul Chun Cinn ón bPríomhfheidhmeannach chuig an gComhairle

Ullmhaíonn an Príomhfheidhmeannach tuarascáil mhíosúil (de réir alt 51 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014) de chuid gach stiúrthóireachta/rannóige, ina mionsonraítear an soláthar seirbhíse agus éachtaí tábhachtacha ar fud na heagraíochta le linn na míosa.  Bíonn an tuarascáil sin ar an gclár oibre ag gach cruinniú míosúil de chuid na Comhairle agus tógtar ceisteanna ó na comhaltaí ar gach gné den tuarascáil.

Chomh maith leis sin, bíonn an tuarascáil ina sásra trínar féidir leis na comhaltaí maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an bPlean Corparáideach agus an Buiséad Bliantúil a chur chun feidhme.

## Na Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta don bhliain 2022

Tomhaistear feidhmíocht na Comhairle de réir sraith Táscairí Feidhmíochta (44) atá leagtha amach ar an leibhéal náisiúnta ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.  Roghnaíodh Ceatharlach le haghaidh próiseas randamach meastóireachta ar chabhraigh an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha leis.

## Ráiteas Príobháideachta

Tá rún daingean ag Comhairle Contae Cheatharlach an phríobháideacht a chosaint agus a urramú.  I Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Cheatharlach, tugtar míniú ar conas a thugaimid aire do do shonraí pearsanta. Tugtar faisnéis ann freisin faoi na hoibleagáidí atá orainn, agus faoi na cearta atá agat, faoin dlí um chosaint sonraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá Comhairle Contae Cheatharlach ag leanúint d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur chun feidhme agus tá rún daingean aici gach gné de Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Cheatharlach a chomhlíonadh. Áiríodh leis sin obair i gcomhar le gach rannóg chun cabhrú leo an reachtaíocht a chomhlíonadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné de sholáthar seirbhíse, agus eolas a thabhairt don fhoireann faoi na hoibleagáidí atá ar an gComhairle maidir le Scéim Teanga Chomhairle Contae Cheatharlach.

## Saoráil Faisnéise

Tugtar leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, cearta dlíthiúla do dhaoine atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a thagann faoi raon feidhme an Achta.

*Seo a leanas an miondealú ar na cinntí a rinneadh ar na hiarrataí sin.*

| | |
|---|---|
| **Iarratais a Fuarthas** | 56 |
| **Iriseoirí** | 22 |
| **Grúpaí Gnó/Sainleasa** | 8 |
| **Comhaltaí den Oireachtas/ Daoine den Phobal** | 2 |
| **Baill Foirne** | 1 |
| **Cliaint** | 20 |
| **Eile** | 3 |

| | |
|---|---|
| **Iarrataí ar Géilleadh dóibh** | 20 |
| **Iarrataí ar Diúltaíodh Géilleadh dóibh** | 24 |
| **Iarrataí ar Géilleadh go Páirteach dóibh** | 9 |
| **Iarrataí a Tarraingíodh Siar** | 1 |
| **Iarrataí a Tugadh ar Aghaidh go dtí an bhliain 2023** | 23 |
| **Athbhreithnithe Inmheánacha** | 3 |
| **Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise** | 2 |

## Ombudsman

Cuireadh Oifig an Ombudsman ar bun faoin Acht Ombudsman, 1980, chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine den phobal a bhraitheann gur caitheadh go héagórach leo agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla.

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach cúig ghearán sa bhliain 2022.

## An Clár Eitice

Leagtar ról an Chláraitheora Eitice amach i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus bainistíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Rialachais é. Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla don bhliain 2022 ó gach duine de na fostaithe agus na comhaltaí tofa ábhartha, agus cuireadh ar fáil iad don phobal laistigh den tréimhse reachtúil.

## An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999

De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach raibh aon síntiúis ná caiteachas ann sa bhliain 2022. Foilsíodh ar an suíomh Gréasáin na cóipeanna de na dearbhuithe a cuireadh isteach, mar aon leis na híocaíochtaí uile a rinneadh le Comhairleoirí, lena n-áirítear an íocaíocht ionadaíochta, an liúntas agus na híocaíochtaí taistil agus cothaithe.

## Nochtadh Cosanta

Le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon Nochtaí Cosanta a fuarthas. De bhun an cheanglais sin, deimhníonn Comhairle Contae Cheatharlach leis seo nach bhfuarthas aon nochtaí cosanta sa bhliain 2022.

## Fóram Chéad Saoránaigh an Oirdheiscirt

I mí an Mhárta 2022, chuaigh na Cathaoirligh agus na Príomhfheidhmeannaigh ar chúig údarás áitiúla an Oirdheiscirt (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman) i gcomhpháirt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha atá os comhair an Oirdheiscirt. Is é atá sa tionscnamh comhoibrithe réigiúnaigh seo de chuid na gcúig údarás áitiúla ná an chéad cheann dá chineál in Éirinn riamh, agus tá sé dírithe ar thodhchaí rachmasach a fhorbairt do gach duine sa réigiún.

Ba iad seo na seacht dtosaíocht a sainaithníodh:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Ciste Nuálaíochta an Oirdheiscirt
- Infheistíocht i gCalafoirt an Oirdheiscirt
- 40 cuideachta nua de chuid GFT Éireann san Oirdheisceart agus réadmhaoin nua de chuid GFT Éireann i ngach contae faoin mbliain 2024
- Stiúrthóir Réigiúnach sonrach de chuid Fhiontraíocht Éireann don Oirdheisceart
- Uasghráduithe ar naisc bóithre an N24 agus an N80
- Ionad Cúraim Chairdiach 24/7 a sholáthar don Oirdheisceart

Seolann an Fóram cruinnithe le comhaltaí an Oireachtais uair amháin sa mhí agus, i mí an Mheithimh 2022, ghlac Comhairle Contae Cheatharlach an príomhról i gcruinnithe a éascú. Cuireadh ceithre chruinniú ar siúl ó mhí an Mheithimh 2022 i leith.

# Sláinte agus Sábháilteacht

**Sa bhliain 2022, lean Comhairle Contae Cheatharlach dá Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde a chur chun feidhme agus d'fheabhas leanúnach ar Shláinte agus Sábháilteacht a shaothrú.**

Leagadh díriú ar leith ar aip rialaithe doiciméad sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme le haghaidh bainistiú a dhéanamh ar dhoiciméid sláinte agus sábháilteachta agus ar fhoirmeacha amhail Pleananna um Chórais Shábháilte ag an Obair, Pleananna Bainistíochta Tráchta agus seiceálacha Feithiclí agus Trealaimh. Cuireadh chun feidhme í sa Rannóg Iompair ar dtús, agus is é an cuspóir ná í a leathnú chun a húsáide i rannóga eile. Tá an aip á húsáid freisin chun cigireachtaí sábháilteachta a dhéanamh de réir chlár leanúnach cigireachtaí sábháilteachta na Comhairle. Rinneadh 72 chigireacht sláinte agus sábháilteachta sa bhliain 2022. Níor tuairiscíodh aon teagmhais thromchúiseacha, agus bhí laghdú suntasach ann sa líon teagmhas intuairiscithe IR1. Lenár gcuid comhairliúcháin leanúnaigh agus cumarsáide leanúnaí le baill foirne le linn na bliana agus lenár seiceáil réamhghníomhach, cinntítear go gcloítear leis an dea-chleachtas sábháilteachta, sláinte agus leasa.

# Acmhainní Daonna

**386**
An Líon Foirne amhail an 31/12/2022

Fostaíocht Lánaimseartha
**317.87**
Lena n-áirítear 45 chomhraiceoir dóiteáin choinnithe

**37**
An Líon Agallamh a Seoladh

**767.75**
An Líon Cúrsaí Oiliúna agus Forbartha a Seoladh

**59**
An Líon Post a Fógraíodh

**Tá baint ag an Rannóg Acmhainní Daonna le forálacha reachtúla fostaíochta a riar agus leis na beartais, nósanna imeachta agus scéimeanna ar ghlac an Fhoireann Bainistíochta iad maidir le soláthar foirne.**

Tá an Rannóg seo freagrach freisin as Earcaíocht, as Oiliúint agus Forbairt, as Bainistíocht Ama agus Tinrimh, as Aoisliúntas, as Idirchaidreamh éifeachtach le Fostaithe, as Caidreamh Tionsclaíoch, as Comhionannas agus Éagsúlacht, as an gCothromaíocht Oibre is Saoil, as an tSeirbhís Folláine Foirne a sholáthar agus as tacaíocht a thabhairt don eagraíocht.

# Pleanáil agus Forbairt

| | | | |
|---|---|---|---|
| **457** An Líon Iarratas Pleanála a Fuarthas | **367** An Líon Iarratas Bailí | **90** An Líon Iarratas Neamhbhailí | **98** An Líon Gearán maidir le Forfheidhmiú |
| **7** An Líon Gearán faoi Láithreáin Thréigthe | **8** An Líon Gearán faoi Dhéanmhais Chontúirteacha | **2** An Líon Forbairtí Tithíochta a Glacadh faoi Chúram | **18** An Líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a Seirbheáladh |
| **29** An Líon Fógraí Láithreán Tréigthe a eisíodh | | **13** An Líon Sáruithe Féideartha ar na Rialacháin um Ligin Ghearrthéarmacha | |

**Is é cuspóir foriomlán na Rannóige Pleanála ná forbairt an chontae a chur chun cinn ar bhealach a éascaíonn dul chun cinn inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta. Bíonn roinnt réimsí feidhme i gceist le hoibriú laethúil na rannóige, lena n-áirítear bainistíocht forbartha, forfheidhmiú pleanála, comhlíonadh, glacadh forbairtí cónaithe faoi chúram, láithreáin thréigthe, déanmhais chontúirteacha agus pleanáil chun cinn.**

## Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach **457** n-iarratas pleanála san iomlán le linn na bliana 2022. Seo a leanas miondealú ar na cinntí a rinne Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2022:

| | |
|---|---|
| Iarratais Bhailí | 367 |
| Iarratais Neamhbhailí | 90 |
| Iarratais a Deonaíodh | 334 |
| Iarratais a Diúltaíodh | 30 |
| Cigireachtaí Réamhphleanála | 76 |

## Forfheidhmiú

Ag gníomhú di de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féachann an Rannóg Pleanála lena chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála. Déantar imscrúdú ar gach gearán scríofa faoi fhorbairtí neamhúdaraithe i gcásanna inar cosúil go bhfuil údar maith ann leis na gearáin sin. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar ghearán bona fide, tionscnaítear bearta forfheidhmiúcháin trí Litir Rabhaidh a eisiúint. I gcás nár réitíodh an ní ar bhealach sásúil tar éis an Litir Rabhaidh a eisiúint, eisítear Fógra Forfheidhmiúcháin ansin. Déantar imeachtaí dlí a thionscnamh i gcás neamhchomhlíonadh an Fhógra Forfheidhmiúcháin.

Fuarthas **98** ngearán san iomlán sa bhliain 2022.

| | |
|---|---|
| **Litreacha rabhaidh a eisíodh** | 60 |
| **Fógraí forfheidhmiúcháin a seirbheáladh** | 18 |
| **Imeachtaí dlíthiúla a tionscnaíodh** | 1 |
| **Cásanna a dúnadh** | 101 |
| **Imeachtaí Cúirte a Leanann ar Aghaidh** | 12 |

## Eastáit a Ghlacadh faoi Chúram


Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadfaidh an Forbróir nó formhór na n-úinéirí a chónaíonn san fhorbairt iarrataí a dhéanamh chun eastáit a ghlacadh faoi chúram. Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010, ceadaítear don Údarás Áitiúil cuid d'eastát a ghlacadh faoina chúram. Fuarthas **1** iarraidh san iomlán sa bhliain 2022 ar fhorbairtí a ghlacadh faoi chúram.

Glacadh na forbairtí tithíochta seo a leanas faoi chúram le linn na bliana 2022:
*Faiche Rás an Mhuilinn, Bóthar Bhoirne, Ceatharlach, agus Cúirt na hAbhann – (Céimeanna 4 & 5), Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach*

## Láithreáin Thréigthe

Déileáiltear le láithreáin thréigthe de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990. Fuarthas **7** ngearán san iomlán sa bhliain 2022.

| | |
|---|---|
| **Fógraí a Eisíodh** | 29 |
| **Fógraí/Litreacha ar cloíodh leo** | 13 |
| **Láithreáin Thréigthe ar an gclár an 1 Eanáir 2022** | 26 |
| **Láithreáin Thréigthe ar an gclár an 31 Nollaig 2022** | 24 |
| **Láithreáin Thréigthe ar cuireadh Tobhach i bhFeidhm ina leith** | 7 |
| **Réadmhaoine a Fuarthas mar Éadáil trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh** | 1 |



## Déanmhais Chontúirteacha

Déileáiltear le Déanmhais Chontúirteacha de réir an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964. Fuarthas 8 ngearán san iomlán sa bhliain 2022.

| | |
|---|---|
| **Fógraí/Litreacha a eisíodh** | 16 |
| **Fógraí ar chomhlíon an tÚinéir/an tÁititheoir iad** | 6 |
| **Fógraí ar chomhlíon Comhairle Contae Cheatharlach iad, ag cur oibreacha i gcrích di** | 0 |

## An Cháin Talún Criosaithe Cónaithe

Sainaithnítear go sonrach i nGníomh 15.2 de Thithíocht do Chách tabhairt isteach na cánach nua chun talamh folamh a ghníomhachtú chun críocha cónaithe. Tugtar 'an Cháin Talún Criosaithe Cónaithe' ar an gcáin sin agus tiocfaidh sí in ionad an tobhaigh láithreán folamh.

Cuireadh de chúram ar gach Údarás Áitiúil léarscáileanna a ullmhú ina sainaithnítear talamh a thagann faoi raon feidhme na cánach. Cuireadh na léarscáileanna ar thaispeáint phoiblí in Oifigí na Comhairle, i Leabharlanna agus ar líne. Tar éis na haighneachtaí arna bhfáil a bhreithniú, foilseofar léarscáil fhorlíontach i mí na Bealtaine 2023, agus foilseofar an Léarscáil Deiridh i mí na Nollag 2023. A luaithe a dhéantar an léarscáiliú ar an talamh atá faoin raon feidhme, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim bainistíocht ar an gCáin Talún Criosaithe Cónaithe, lena n-áirítear dliteanas, íocaíocht agus forfheidhmiú.

## Ligean Gearrthéarmach

Leis na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus. Forbairt, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2019, tugadh éifeacht don reachtaíocht maidir le Ligin Ghearrthéarma. Tháinig an reachtaíocht sin in éifeacht an 1 Iúil 2019. Ainmníodh Toghlimistéar Áitiúil Cheatharlach mar Chrios Brú Cíosa an 26 Meán Fómhair 2019. Mar sin, bhí na rialacháin nua maidir le Ligin Ghearrthéarma infhorfheidhmithe ag Comhairle Contae Cheatharlach le linn na bliana 2022.

| | |
|---|---|
| **Réadmhaoine ar sainaithníodh go bhféadfadh siad a bheith ag sárú na Rialachán um Ligin Ghearrthéarmacha** | 13 |
| **Imscrúduithe a Cuireadh i gCrích** | 9 |
| **Litreacha Rabhaidh a Eisíodh** | 4 |

## PLEANÁIL CHUN CINN

## Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2015-2022 sa bhliain 2020 agus leanadh de sa bhliain 2022.

Chinn na Comhaltaí Tofa Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 a dhéanamh mar a mhol an Príomhfheidhmeannach agus mar a modhnaíodh é tuilleadh trí bhíthin rún agus réiteach a comhaontaíodh ag Cruinniú Speisialta de chuid na Comhairle an 23 Bealtaine 2022, agus leanúint ar aghaidh de réir alt 12(12) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), chun fógra a fhoilsiú faoi dhéanamh an Phlean. Tháinig an Plean nua in éifeacht Dé Luain an 4 Iúil 2022.

## Pleananna Limistéir Áitiúil na Tulaí agus Mhuine Bheag/na Darach Ríoga 2017-2023

Cumhdaítear leis na Pleananna Limistéir Áitiúil atá ann cheana don Tulach agus do Mhuine Bheag/an Dáir Ríoga an tréimhse 2017-2023 agus tá siad le dul in éag sa chéad ráithe den bhliain 2023. Eisíodh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach chuig na Comhaltaí Tofa de bhun alt 19 agus, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil sin, chinn na Comhaltaí Tofa ag an gcruinniú de chuid na Comhairle a cuireadh ar siúl an 3 Feabhra go bhfadófaí tréimhse feidhme Phleananna Limistéir Áitiúil na Tulaí agus Mhuine Bheag/na Darach Ríoga faoi bhliain amháin (i.e., go dtí an bhliain 2024) faoi alt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2010.

## Comhphlean Limistéir Áitiúil Uirbigh Cheatharlach-na Gráige 2023-2029

Ag obair dó i gcomhar le Comhairle Contae Laoise, chuir an tÚdarás Pleanála tús leis an athbhreithniú ar Chomhphlean Limistéir Áitiúil Uirbigh Cheatharlach-na Gráige sa cheathrú ráithe den bhliain 2022. Cuireadh an chéad bhabhta de chomhairliúchán poiblí i gcrích agus áiríodh foilsiú Páipéar Saincheisteanna réamhdhréachta leis. Ullmhaíodh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ar na haighneachtaí a fuarthas agus eisíodh í chuig Comhaltaí Tofa an dá Údarás Áitiúla lena breithniú. Tá dréachtú Chomhphlean Limistéir Áitiúil Uirbigh Cheatharlach-na Gráige ar siúl, agus foilsíodh an dréacht sa dara ráithe den bhliain 2023.

# Oifig Fiontair Áitiúil, Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tionscadal Speisialta

**56**
An líon post a cruthaíodh le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil

**361**
An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht sa bhliain 2022

**1,160**
An líon rannpháirtithe sna Cláir Oiliúna/Forbartha ar fad

**12**
An líon cuideachtaí a thug faoi Mheasúnú 'Lean for Micro' ag Saineolaí Gnó Bharainnigh

**63**
An líon rannpháirtithe sa chlár 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun'

**€10,450.93**
Luach iomlán na Scéimeanna Péintéireachta Sráid-dreacha a cistíodh

**45**
An líon iarratas ar dhearbháin trádála ar líne ar cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil iad sa bhliain 2022

## Fiontraíocht Éireann – Comhaontú Seirbhíse

Ba mar a leanas a bhí an t-aschur don bhliain 2022 i leith an Chomhaontaithe Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann maidir le hoibriú na hOifige Fiontair Áitiúil:

| | |
|---|---|
| **Rannpháirtithe in Oiliúint** | 1160 |
| **Cláir Oiliúna** | 54 |
| **Rannpháirtithe i Meantóireacht** | 361 |
| **Deontais 'Lean for Micro' a Ceadaíodh** | 12 |
| **Dearbháin Trádála ar Líne a Ceadaíodh** | 45 |

| An Líon Cliant ar Ceadaíodh Cistiú Dóibh | An tSuim a Ceadaíodh |
|---|---|
| 12 Dheontas um Leathnú Gnó | €341,737.83 |
| 7 nDeontas Prímeála | €142,021.72 |
| 5 Dheontas Indéantachta | €50,700.00 |
| 45 Dhearbhán Trádála ar Líne | €97,409.64 |



*Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach, ag ócáid oscailte Mhalartán Cheatharlach*




*Brian O'Donoghue, Cathaoirleach, agus Fintan Phelan, Méara, ag Malartán Cheatharlach*

# Forbairt Eacnamaíoch

## Ireland South East

Sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú d'Oifig Ireland South East le haghaidh gníomhartha éagsúla a chomhordú i réimse na forbartha eacnamaíche agus na tacaíochta gnó. D'fhoilsigh an Chomhairle staidéar an Oirdheiscirt ar chianobair thar ceann Údaráis Áitiúla an Oirdheiscirt agus ghlac sí páirt sa Phlean Nua Post Réigiúnach a fhorbairt.

## Turasóireacht Cheatharlach

Thacaigh Comhairle Contae Cheatharlach leis an bPlean Bliantúil do Thurasóireacht Cheatharlach faoina Meabhrán Tuisceana le Turasóireacht Cheatharlach agus faoin gcreat straitéiseach le haghaidh tacaíocht a thabhairt sa todhchaí don Earnáil Turasóireachta i gContae Cheatharlach.

## Ionad Fiontair Pobail

Fuair Comhairle Contae Cheatharlach prímeáil faoin gCiste Réigiúnach Forbartha Fiontar i gcomhpháirt le hIonad Fiontair Pobail Cheatharlach, agus chuir sí tús le sraith spásanna fiontair a fhorbairt ar fud Chontae Cheatharlach.

## Margaíocht Eacnamaíoch

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Cheatharlach foilseacháin éagsúla i gcomhar le The Sunday Business Post, Sunday Independent, RTÉ, KCLR agus The Nationalist le linn na bliana 2023. Áiríodh leo sin tacú le Feachtas um Shiopadóireacht a Dhéanamh go hÁitiúil mar chuid de Chontae Cheatharlach – Eispéireas Féile don Teaghlach.

## Suirbhé Fostaíochta 2022

D'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta suirbhé fostaíochta 2022 ar chliaint Bheart 1 (Seirbhísí Monaraithe agus Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta) i mí Eanáir. I láthair na huaire, tá an Oifig Fiontair Áitiúil ag tacú le 219 gcliantchuideachta, a fhostaíonn 1,101 duine. Chruthaigh na cliantghnólachtaí sin 243 phost nua sa bhliain 2022, agus glanmhéadú 56 phost ann. Is í seo an 9ú bliain i ndiaidh a chéile a thuairiscigh an Oifig Fiontair Áitiúil méadú sa líon daoine atá fostaithe i gcliantghnólachtaí.



*Peter Burke TD, Aire Stáit; Kieran Comerford, Comhairle Contae Cheatharlach; Jennifer Harte, Líonraí Gáis Éireann; an Comh. Fintan Phelan, Méara, Ceantar Bardasach Cheatharlach; Melissa Doyle, an Oifig Fiontair Áitiúil; an Comh. Brian O'Donoghue, Cathaoirleach, Comhairle Contae Cheatharlach; Ian Talbot, Chambers Ireland*

## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe: Fís Ráth Bhile

Ag obair di i gcomhpháirt leis an bpobal, dámhadh €220,000 do Chomhairle Contae Cheatharlach le haghaidh tionscadal darb ainm 'Fís Ráth Bhile'. Is é atá i gceist leis sin réamhfhorbairt a dhéanamh ar thionscadal athghiniúna sráidbhaile i Ráth Bhile, rud lena mbainfidh mol ilchuspóireach in iar-áitreabh scoile lena soláthrófar saoráidí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha agus pobail.

## Tionscadail Chaipitil – Tionscadal Speisialta

Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann: Lean an rannóg Forbartha Eacnamaíche de ghabháil do na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil faoi Thodhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann. Áiríodh leo sin sa bhliain 2022:

- An Scéim Bailte agus Sráidbhailte
- Moil Nasctha
- An Scéim um Shráid-dreacha Baile agus Sráidbhaile
- An Beart Fála Foirgneamh Baile agus Sráidbhaile
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

## Forbairt agus Cistiú ón Aontas Eorpach:

Lean an Chomhairle le soláthar tionscadal Mol Ceardaíochta a threorú faoin Eoraip Chruthaitheach.

Chríochnaigh Comhairle Contae Cheatharlach tionscadal a fuair Cistiú ón Aontas Eorpach darb ainm 'RU:RBAN Second Wave' mar chuid de Urbact. Bhuaigh an tionscadal dámhachtain ag Chambers Ireland – na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil.

D'éirigh leis an gComhairle in dhá iarratas ar chistiú ón Aontas Eorpach sa bhliain 2022: Athena, atá i réimse na Fiontraíochta Digití Ban faoin gclár Erasmus Plus; agus InnoCom, atá ina thionscadal a bhaineann le rannpháirteachas gnó faoin gclár Interreg Europe.

## An Clár Nollag 2022

Soláthraíodh Clár Nollag Cheatharlach, darb ainm 'Contae Cheatharlach – Eispéireas Féile don Teaghlach', i gcomhpháirt sa bhliain 2022 agus áiríodh leis sraith imeachtaí faoi Lightfest ar fhreastail breis agus 10,000 duine orthu.

## Oscailt Oifigiúil agus Clár Mhalartán Cheatharlach

Le linn na bliana 2022, cuireadh oscailt oifigiúil Mhalartán Cheatharlach ar siúl sa Mhargadh Prátaí i gCeatharlach. Is é is an Malartán ann ná spás leathchlúdaithe amuigh faoin spéir atá 332 mhéadar chearnacha ar achar agus a dearadh chun go mbeadh sé ina spás imeachtaí a bheadh nua, uathúil agus nuálach i gcroílár Bhaile Cheatharlach. Cuireadh sraith imeachtaí poiblí ar siúl sa spás sa cheathrú ráithe den bhliain 2022, ar fhreastail 12,000 duine orthu.



# An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide

**28**

An líon ionad 'fág anseo' a n-oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach iad

**2**

An líon Ionad Fóntas Poiblí i mBaile an Phaoraigh agus i mBaile Mhic Thiarnáin

**2,635**

An líon tonnaí de dhramhaíl a bailíodh sa bhliain 2021

**1,700**

An líon uaireanta den chlog de sheirbhísí dramhaíola agus athchúrsála a soláthraíodh

**31,505**

An líon cuairteoirí ar Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh, ar méadú é ó na 4,509 gcuairteoir air sa bhliain 2019

5

Mar thoradh ar mhéadú san úsáid agus sna méideanna, tá Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh ar oscailt

**cúig lá sa tseachtain**

Thart ar

**2,635**

An líon tonnaí d'ábhar a baineadh ón láithreán

**160**

An líon Fíneálacha a eisíodh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar

**900**

An líon gnáthchigireachtaí dramhaíola

**99**

An líon cigireachtaí dramhaíola nach gnáthchigireachtaí dramhaíola

**Cuireann an Rannóg Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach raon leathan feidhmeanna i gcrích, ar feidhmeanna iad a bhíonn ag méadú i gcónaí de réir mar a thugtar reachtaíocht nua isteach, go dtagann tosaíochtaí náisiúnta nua chun cinn agus go n-athraítear cleachtais oibre laistigh den eagraíocht.**

Is é seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach d'fheidhmeanna na rannóige:

- Oiriúnú don Aeráid agus í a Mhaolú
- Bainistíocht ar Chomhlíonadh Comhshaoil
- Bainistíocht Dramhaíola – Forfheidhmiú agus Ceadúnú
- Ionaid Fóntas Poiblí agus Ionaid 'Fág Anseo' a Oibriú
- Cosc agus Rialú Bruscair
- Oideachas agus Feasacht Comhshaoil
- Truailliú Uisce/an Chreat-treoir Uisce
- Truailliú Aeir
- Cigireachtaí Feirme agus Bainistíocht Cothaitheach
- Pleanáil Comhshaoil
- Truailliú Torainn
- Ionaid Adhlactha
- Soláthairtí Uisce Tuaithe/Soláthairtí Uisce Beaga Príobháideacha
- Bainistíocht Fuinnimh agus Spriocanna Fuinnimh
- Pleanáil Éifeachtúlachta Acmhainní
- Seirbhísí Tréidliachta
- Píosaí Ilghnéitheacha Reachtaíochta Comhshaoil

## Cigireachtaí sa bhliain 2021

| Cigireachtaí | Beartaithe | Curtha i gCrích |
|---|---|---|
| Gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola | 787 | 996 |
| Cigireachtaí Dramhaíola nach Gnáth-Chigireachtaí Dramhaíola | 90 | 60 |
| Gnáth-Chigireachtaí Bruscair | 1024 | 1028 |
| Gnáth-Chigireachtaí Uisce/Fuíolluisce | 516 | 446 |
| Cigireachtaí Uisce/Fuíolluisce nach Gnáth-Chigireachtaí Uisce/Fuíolluisce | 16 | 44 |
| Gnáth-Chigireachtaí Aeir/Torainn | 76 | 89 |
| Cigireachtaí Aeir/Torainn nach Gnáth-Chigireachtaí Aeir/Torainn | 5 | 20 |
| Gnáth-Chigireachtaí ar Fhreagracht Táirgeoirí | 75 | 139 |
| Cigireachtaí Pleanála | 518 | 218 |



| Gníomhartha Forfheidhmiúcháin | |
|---|---|
| **Dramhaíl** | |
| 'Litreacha rabhaidh' maidir le dramhaíl | 69 |
| Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Ordachán) | 1 |
| Alt 18 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (faisnéis) | 0 |
| Alt 55 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (bearta) | 1 |
| Alt 56 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 0 |
| Alt 71 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (carranna tréigthe) | 45 |
| Fógraí Airteagal 25 faoin Rialachán maidir le Pacáistiú | 0 |
| Airteagal 12 de na Rialacháin um Dhramhaíl Bia Tráchtála, 2009 | 0 |
| An líon Fógraí Íocaíochta Seasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola | 3 |
| An líon Fíneálacha a eisíodh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar | 30 |
| An líon moltaí a rinneadh don Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola go n-athbhreithneofaí ceadanna bailithe dramhaíola | 0 |
| Eile | 19 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **168** |
| **Uisce/Fuíolluisce** | |
| 'Litreacha rabhaidh' maidir le truailliú uisce | 6 |
| Fógraí Alt 12 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 1 |
| Fógraí Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (faisnéis riachtanach) | 1 |
| Fógraí Alt 110 den Acht um Shláinte Phoiblí | 0 |
| Ordacháin a eisíodh chuig soláthairtí uisce príobháideacha | 16 |
| An líon Fógraí 'Fiuch an tUisce' | 0 |
| An líon daoine a ndearna Fógraí 'Fiuch an tUisce' difear dóibh | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Uisce/Fuíolluisce a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **24** |



*Gairdíní Gharrán Duckett*

| | |
|---|---|
| **Talmhaíocht** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le truailliú talmhaíochta | 1 |
| Fógraí faoi Neamhchomhlíonadh chuig an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 0 |
| Alt 26(8) de na Rialacháin um Dhea-Chleachtais Talmhaíochta | 0 |
| Fógraí Alt 12 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 3 |
| Fógraí Alt 23 den Acht um Bainistiú Dramhaíola | 1 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Talmhaíochta a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **5** |
| **Aer (lena n-áirítear Boladh/Deannach)** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le haer | 9 |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le tuaslagóirí | 18 |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le péinteanna maisiúcháin | 11 |
| Alt 16 den Acht um Thruailliú Aeir (faisnéis) | 0 |
| Alt 26 den Acht um Thruailliú Aeir (bearta) | 0 |
| Gníomhartha forfheidhmiúcháin faoi na rialacháin um breoslaí soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí íocaíochta seasta faoi na rialacháin um breoslaí soladacha (I.R. Uimh. 326 de 2012) | 0 |
| Fógraí Alt 110 den Acht um Shláinte Phoiblí | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Aeir a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **38** |
| **Torann** | |
| ‘Litreacha rabhaidh’ maidir le torann | 1 |
| Alt 107 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (fógra) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Torainn a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **1** |
| **Tionscnaimh Freagrachta Táirgeoirí** | |
| Fógraí Íocaíochtaí Seasta na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí (an tAcht um Bainistiú Dramhaíola) | 0 |
| **Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin Tionscnamh Freagrachta Táirgeoirí a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **0** |
| **Mór-Iomlán na nGníomhartha Forfheidhmiúcháin a Tionscnaíodh le linn na bliana tuairiscithe** | **236** |

## Bainc Bhuidéil

Sa bhliain 2022, d’éascaigh Comhairle Contae Cheatharlach athchúrsáil 1,165 thonna de Ghloine agus 40 tonna de channaí alúmanaim agus stáin san iomlán ag ár 28 láithreán ar fud Chontae Cheatharlach.   Ba laghdú thart ar 10% é sin sna hábhair a athchúrsáladh ag an líonra banc buidéal i gcomórtas leis an mbliain roimhe.


## Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh

Sa bhliain 2022, freastalaíodh ar 27,275 chustaiméir san iomlán ag Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh.   Rinneadh córas íocaíochta nua agus bacainn nua ag an ionad i mí na Samhna 2022 lena gcumasaítear íocaíochtaí ‘tapáil agus gluais’ isteach sa limistéar athchúrsála.

Baineadh 2,248 dtonna d’ábhar san iomlán ón láithreán:



*Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh*




*Feachtas Cheatharlach in aghaidh Bruscar Toitíní*

- Baineadh úsáid as 1,220 tonna den ábhar sin chun fuinneamh a tháirgeadh ó dhramhaíl.
- Cuireadh 963 thonna d'ábhar amach le haghaidh athchúrsála/téarnaimh.
- Diúscraíodh 65 thonna d'ábhar chuig líonadh talún.

I mí na Nollag 2022, sheol Comhairle Contae Cheatharlach tionscadal nuálach chun níos mó deiseanna athchúrsála a sholáthar do gach duine inár bpobal trí shaoráid rochtana uilíche a thabhairt isteach ag Ionad Fóntas Poiblí Bhaile an Phaoraigh.

## An Feachtas in aghaidh Bruscar Toitíní

Fadhb chomhsheasmhach i mBaile Cheatharlach le roinnt blianta anuas iad butaí toitín, agus iad freagrach as breis agus dhá thrian den bhruscar ar fad – figiúr atá i bhfad níos mó ná an meán náisiúnta. Seoladh mórfheachtas sa bhliain 2022 sna meáin shóisialta, ar chláir fógraí, ar chomharthaí infheicthe, ar an raidió, sna nuachtáin agus ar na sráideanna, i measc nithe eile, chun feasacht a mhéadú gur ábhar plaisteach atá i mbutaí toitín agus gur cheart iad a chur sa bhosca bruscair.

Cuireadh boscaí bruscair toitíní suas i gcóngar do na boscaí bruscair timpeall an Scairdeáin ag an Margadh Prátaí – ar limistéar é a bhfuil bruscar toitíní ag déanamh difear an-mhór dó.

## Treoirscéim le WEEE Ireland

Sheol Comhairle Contae Cheatharlach treoirscéim dramhaíola leictrí i gcomhpháirt le WEEE Ireland. Dearadh an treoirscéim chun obair le bailte beaga agus sráidbhailte sa Chontae nach gcáilíonn le haghaidh na scéimeanna bailithe móra a reáchtálann WEEE Ireland iad. Thug feithiclí bailithe níos lú cuairt ar na háiteanna seo: an Bhuiríos, Muine Bheag, Ráth Bhile, Baile Haicéid, Baile Cheatharlach, Balana agus an Tulach. Mar thoradh ar an treoirscéim, bailíodh breis agus 42 thonna d'ábhar athchúrsála earraí leictreacha.

## Ah Camán – Tabhair do sheanchamán isteach i mbun úsáide an athuair

Le cistiú ó Líonra Coisc na nÚdarás Áitiúil, chuaigh Comhairle Contae Cheatharlach i gcomhpháirt le CLG Cheatharlach agus leis an tseirbhís Leabharlainne chun daoine dár bpobal a spreagadh chun a seanchamáin a bhronnadh chun go bhféadfaí iad a dheisiú agus a athdhéanamh ina gcamáin nua lena n-úsáid ar fud na scoileanna i mBaile Cheatharlach agus i gContae Cheatharlach. Rinneadh breis agus 100 camán a athmhúnlú go dtí seo agus tá siad á ndáileadh faoi láthair ar bhunscoileanna ar fud an Chontae. Leanfar ar aghaidh leis an scéim i rith na bliana 2023.

## Foraois Phóca agus Comhpháirtíocht.

D'oibrigh Comhairle Contae Cheatharlach i gcomhpháirt le Foraoisí Póca Éireann chun seimineár Gréasáin poiblí a óstáil ar mhaithe lenár bpobal a chumhachtú chun an bhithéagsúlacht i limistéir uirbeacha nó liatha a mhéadú. Is é is Foraoisí Póca ann ná foraoisí uirbeacha beaga dlúthchurtha a gcruthaíonn pobail iad chun dáimh a athbhunú idir daoine agus an dúlra agus chun iad a chumasú éiceachórais dhúchasacha rathúla a chruthú. Chuaigh Oiliúint Óige Cheatharlach i mBaile Cheatharlach i gcomhpháirt le Comhairle Contae Cheatharlach agus le Foraoisí Póca Éireann chun foraois phóca a chruthú ag a hionad oiliúna ar Bhóthar Uí Bhriain, Baile Cheatharlach. Is ann sa limistéar beag do 12 speiceas dhifriúla de chrainn Éireannacha dhúchasacha agus de thoir Éireannacha dhúchasacha.

## Reiligí agus Ionaid Adhlactha

Cuireadh tuarascáil reiligí i gcrích sa bhliain 2022. Beidh an tuarascáil mar bhonn eolais faoin dóigh a ndéanfar bainistiú agus forbairt sa todhchaí ar na reiligí a ndéanann Comhairle Contae Cheatharlach bainistiú agus oibriú orthu trí fhéachaint ar an acmhainn agus trí riachtanais sa todhchaí a mheasúnú, anuas ar chlár oibreacha a thiomsú le haghaidh saincheisteanna cothabhála. Tógadh ballaí colmlainne i Reilig Mhuire agus cuireadh i gcrích iad i mí na Samhna 2022.

## An tAthrú Aeráide

Cheap Comhairle Contae Cheatharlach Comhordaitheoir Aeráide do Chomhairle Contae Cheatharlach chun Plean Gnímh Cheatharlach don Aeráid a sholáthar. Bunaíodh foireann thrasfheidhmiúil um ghníomhú ar son na haeráide, agus ionadaíocht inti do gach limistéar feidhme. Reáchtáiltear cruinnithe ar bhonn míosúil.

Rinneadh an oiliúint seo a leanas i gcomhar le Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil:

- Acmhainn a Fhorbairt – Oiliúint i nGníomhú ar son na hAeráide
- Athruithe a Chumhachtú – Oiliúint i nGníomhú ar son na hAeráide
- Soláthar Poiblí Glas – Snáitheanna 1 & 2

## Staitisticí Uisce Tuaithe

| Deontais 2022 | |
|---|---|
| An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe | Nialas |
| Grúpscéimeanna Uisce – Oibríochtúil | €328,000.00 |
| Dabhcha Séarachais | €8,500.00 |
| Deontais Toibreacha | €194,500.00 |
| DLRG | Nialas |

## Rialú Madraí

Faoi alt 2 de na hAchtanna um Rialú Madraí, 1986 agus 1992, beidh duine a choinníonn madra ciontach i gcion ach amháin i gcás go sealbhóidh sé/sí ceadúnas aonair nó ceadúnas ginearálta lena gcumhdaítear aon líon madraí ag áitreabh sonraithe, seachas iad sin nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh dhualgais oifigiúla an Gharda Síochána, Óglaigh na hÉireann nó na Seirbhísí Custam agus Máil. Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhsheirbhís Maorachta Madraí ina bhfuil beirt Mhaor Madraí, mar atá Maor Madraí amháin do Cheatharlach agus Maor Madraí amháin do Chill Chainnigh, mar aon le Pónaí Madraí atá lonnaithe i mBaile Phóil.

| | |
|---|---|
| Ceadúnais a Eisíodh | 1,949 |
| Ioncam | €51,605.00 |





*An Balla Colmlainne ag Reilig Mhuire*

# Seirbhísí Uisce

**24**

An líon ionad cóireála fuíolluisce a reáchtálann foireann Chomhairle Contae Cheatharlach iad thar ceann Uisce Éireann

**490**

An líon samplaí a tógadh, agus tástáladh 3,015 pharaiméadar aonair

**5**

An líon iniúchtaí a rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag ionaid chóireála fuíolluisce

**15,629 $m^3$**

An meánmhéid laethúil uisce óil ar sholáthair Comhairle Contae Cheatharlach é

**12**

An líon ionad cóireála uisce a n-oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach iad thar ceann Uisce Éireann

Ó bunaíodh i mí Eanáir 2014 é, tá Uisce Éireann ar an bhfóntas náisiúnta uisce atá freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar do thithe agus gnólachtaí in Éirinn. Ag oibriú di faoi Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, leanann Comhairle Contae Cheatharlach ar aghaidh le seirbhísí uisce a sholáthar i gContae Cheatharlach.

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach 12 ionad cóireála uisce thar ceann Uisce Éireann

An Meánmhéid Laethúil Uisce Óil a Soláthraíodh – 15,629 $m^3$. Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil trí Iniúchadh ar an gClár Dífhabhtúcháin

Oibríonn Comhairle Contae Cheatharlach 24 ionad cóireála fuíolluisce thar ceann Uisce Éireann

Tógadh 490 sampla faireacháin fuíolluisce sa bhliain 2022, agus tástáladh 3,015 pharaiméadar aonair.

Rinne an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cúig iniúchadh: Fionnmhach agus Míseal, Tigh an Réileáin, Baile an Choillín agus Cill Damháin.

## Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2022 ar Oibreacha Caipitil ar roinnt tionscadal caipitil Uisce agus Fuíolluisce.

Cuireadh tús le hoibreacha in Ionad Cóireála Uisce Ráth Bhile i mí an Mheithimh 2022. Áirítear leis na hoibreacha an t-ionad atá ann cheana a uasghrádú, lena n-áirítear na scagairí gainimh a uasghrádú, agus aonaid nua láimhseála sloda, saoráidí nua dáilte ceimiceán agus umair nua chomhionannaithe fuíolluisce úsáidte a thógáil.

Sa Tulach, cuireadh tús le tógáil ag an Ionad Cóireála Fuíolluisce. Táthar ag druidim leis na hoibreacha uasghrádúcháin a chur i gcrích agus leis an gcéim coimisiúnúcháin a thosú. Beidh sé de chumas ag an ionad uasghrádaithe 9,200 PE a chóireáil. Rinneadh dul chun cinn freisin ar phleananna le haghaidh stáisiún caidéalúcháin agus le haghaidh an líonra séarachais sa bhaile a uasghrádú.

Tugadh dearadh mionsonraithe uasghrádúcháin Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhuine Bheag chun críche, deonaíodh cead pleanála, agus ceapadh conraitheoir chun na hoibreacha a chur i gcrích. Tháinig méadú ar scóip na n-oibreacha uasghrádúcháin ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Cheatharlach sa bhliain 2022 chun stáisiún caidéalúcháin nua agus príomhphíobán aníos nua a chur ar áireamh. Rinneadh dul chun cinn ar an dearadh mionsonraithe.

Cuireadh tús le tógáil i mí Lúnasa 2022 chun Ionad Cóireála Fuíolluisce na Buiríse a uasghrádú. Áirítear leis na hoibreacha umar nua stoirme agus sloda a shuiteáil, agus na hoibreacha ionraoin atá ann cheana a uasghrádú.



*Ionad Cóireála Fuíolluisce na Tulaí*



*Ionad Cóireála Fuíolluisce Ráth Bhile*

# Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Foirgníochta

**176**
An líon Fógraí Tosach Feidhme

**71**
An líon Cigireachtaí Rialú Foirgníochta

**40**
An líon Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán

**25**
An líon Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

**Coinníonn Comhairle Contae Cheatharlach Briogáidí Dóiteáin ar bun i gceithre Stáisiún Dóiteáin, atá lonnaithe i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag, ar an Tulach agus i mBaile Haicéid. Is lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin atá Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin, rud a mbaineann Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann úsáid as. Agus feithiclí agus trealamh nua-aimseartha in úsáid acu, cinntíonn na criúnna tiomanta go soláthraíonn siad seirbhís phras, éifeachtúil agus éifeachtach. D'fhreagair siad do 626 theagmhas éigeandála leithleacha sa bhliain 2022, rud ba chúis le 753 shlógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach. Bhí méadú suntasach 26% ann sa líon teagmhas éigeandála ar freastalaíodh orthu, i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán don bhliain 2021. Níor taifeadadh aon bhás de dheasca dóiteáin i gContae Cheatharlach sa bhliain 2022. Faigheann an fhreagairt oibriúcháin tacaíocht ó Ionad Rialaithe Réigiún an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, a fhaigheann glaonna 999/112 ón bpobal agus a shlógann na hacmhainní cuí seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach.**

Coinníonn Comhairle Contae Cheatharlach Briogáidí Dóiteáin ar bun i gceithre Stáisiún Dóiteáin, atá lonnaithe i mBaile Cheatharlach, i Muine Bheag, ar an Tulach agus i mBaile Haicéid. Is lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid freisin atá Ionad Oiliúna Seirbhísí Dóiteáin, rud a mbaineann Seirbhísí Dóiteáin ar fud na hÉireann úsáid as. Agus feithiclí agus trealamh nua-aimseartha in úsáid acu, cinntíonn na criúnna tiomanta go soláthraíonn siad seirbhís phras, éifeachtúil agus éifeachtach. D'fhreagair siad do 626 theagmhas éigeandála leithleacha sa bhliain 2022, rud ba chúis le 753 shlógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach. Bhí méadú suntasach 26% ann sa líon teagmhas éigeandála ar freastalaíodh orthu, i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán don bhliain 2021. Níor taifeadadh aon bhás de dheasca dóiteáin i gContae Cheatharlach sa bhliain 2022. Faigheann an fhreagairt oibriúcháin tacaíocht ó Ionad Rialaithe Réigiún an Oirthir atá lonnaithe i gCeanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chnoc na Lobhar, a fhaigheann glaonna 999/112 ón bpobal agus a shlógann na hacmhainní cuí seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach.

Soláthraítear seirbhísí amhail riarachán, gníomhaíochtaí coisc dóiteáin, Rialú Foirgníochta agus Bainistíocht Móréigeandála, i measc nithe eile, amach ó Cheanncheathrú

na Seirbhíse Dóiteáin ar an Lána Glas, Baile Cheatharlach.

I mí Mheán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta Tuarascáil Táscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil don bhliain 2021. Léiríodh sa tuarascáil sin go raibh ag Údarás Dóiteáin Cheatharlach an cúigiú costas is ísle per capita sa tír ar fad, agus é cothrom le €36.82 in aghaidh an duine den daonra. Is toradh maith é sin i gcomparáid leis an meánchostas náisiúnta, arb ionann é agus €44.65 in aghaidh an duine le haghaidh Stáisiúin Dóiteáin choinnithe a oibriú.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil freisin gur tharla sé, i 89% de na cásanna inar slógadh seirbhísí, gur bhain criú ó Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach láthair an teagmhais éigeandála amach laistigh de 20 nóiméad ó am an tslógtha.

Deonaíodh iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán laistigh den tréimhse reachtúil dhá mhí i 60% de chásanna, figiúr ba mhó ná an meán náisiúnta 52%.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

I mí na Samhna 2022, dheimhnigh Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann Córas Bainistíochta Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach de réir chaighdeán ISO 45001. Is deimhniú é sin go bhfuil an córas bainistíochta sábháilteachta i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae Cheatharlach ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus is aitheantas é freisin don dua agus an tiomantas atá ann ar fud na rannóg agus na leibhéal uile do na seirbhísí a theastaíonn chun an caighdeán sin a bhaint amach a sholáthar.

Chun an dámhachtain sin a bhaint amach, rinne Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann iniúchadh dhá lá ar Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde na Seirbhíse Dóiteáin. Mar thoradh ar chaighdeán ISO 45001 a bheith bronnta uirthi, tá aitheantas idirnáisiúnta ag an eagraíocht i scothchatagóir gnóthaí agus tá sí ar cheann den dornán seirbhísí dóiteáin in Éirinn ar bronnadh an caighdeán sin orthu.

Soláthraíodh Cúrsaí Sainoiliúna éagsúla do chomhraiceoirí dóiteáin oibríochtúla sa bhliain



2022. Oiliúint Oifigeach chomh maith le hoiliúint in oibriú caidéal, i nGaireas Análaithe agus i dTarrtháil Spáis Chúng, oiliúint do Chéad Fhreagróirí Éigeandála agus do Chéad Fhreagróirí Éigeandála Cairdiaiche. Rinne comhraiceoirí dóiteáin ab earcaigh oiliúint bhunúsach tosaigh earcaigh i gcrích, mar aon le hoiliúint san úsáid Gaireas Análaithe agus in Iompraíocht Dóiteán Urrainne. Forbraíodh cúrsaí oiliúna nua chun rioscaí agus guaiseacha ar leith laistigh den Chontae a léiriú. Chuir foireann de Chomhraiceoirí Dóiteáin de chuid na Tulaí Sainoiliúint i dTarrtháil Uisce i gcrích chun freagairt do thuile agus do theagmhais uiscebhunaithe eile i dTuaisceart an Chontae.

Chuir comhraiceoirí dóiteáin croí-oiliúint **1590 uair an chloig** san iomlán i gcrích i **39** ndisciplín éagsúla oibriúcháin sa bhliain 2022.

## Oibríochtaí

D'fhreastail criúnna ó Chontae Cheatharlach ar 626 theagmhas leithleacha san iomlán sa bhliain 2022, rud ba chúis le 753 shlógadh ag Briogáidí Dóiteáin Cheatharlach. Bhí méadú suntasach 26% ann sa líon teagmhas éigeandála ar freastalaíodh orthu, i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán don bhliain 2021. Níor



taifeadadh aon bhás de dheasca dóiteáin i gContae Cheatharlach sa bhliain 2022.

Dúshláin don tSeirbhís Dóiteáin a bhí sa diantuile a tharla an 15 Lúnasa agus a bhí i roinnt teagmhas dianaimsire eile. Tá gníomhachtuithe bréagacha aláram dóiteáin a ndéantar faireachán orthu in áitribh thráchtála agus theaghlaigh ag cruthú fadhbanna don tseirbhís dóiteáin fós agus tá tionscnaimh á bhforbairt chun féachaint le hiad a laghdú.

Chuir beirt chomhraiceoirí dóiteáin ab earcaigh nua tús lena ndualgas oibríochtúil le Briogáid Dóiteáin Mhuine Bheag, agus chuir comhraiceoir dóiteáin amháin ab earcach nua tús lena dhualgas oibríochtúil le Briogáid Dóiteáin Bhaile Cheatharlach. Chuaigh Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta nua isteach i Seirbhís Dóiteáin Contae Cheatharlach sa bhliain. I láthair na huaire, tá 45 chomhraiceoir dóiteáin oibríochtúla agus triúr Oifigeach Dóiteáin Sinsearach á bhfostú ag Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal agus Cosc Dóiteáin

I dteannta a cuid gníomhaíochtaí oibríochta, d'imir Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról an-ghníomhach i sábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn agus leanann sí le cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thionóil phoiblí ar mhaithe leis na hoibleagáidí faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, a chomhlíonadh.

Glacann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach ról réamhghníomhach i Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phobal a chur chun cinn, go háirithe le linn na Seachtaine Sábháilteachta ó Dhóiteán, a bhí ar siúl idir an 17 Deireadh Fómhair agus an 23 Deireadh Fómhair 2022.  Mar chuid den tSeachtain Sábháilteachta ó Dhóiteán, tugadh cuireadh do dhaoine den phobal chun teacht isteach sna Stáisiúin chun amharc ar ár gcuid trealaimh agus fearas, chun labhairt le hOifigigh um Chosc Dóiteáin agus chun amharc ar thaispeántais agus taispeáintí inar léiríodh sábháilteacht ó dhóiteán. Foilsíodh teachtaireachtaí maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta gach lá agus rinneadh agallaimh raidió le KCLR agus le Beat FM.

Críochnaíodh an próiseas bliantúil ceadúnaithe agus cigireachta áitreabh i mí Mheán Fómhair agus tá iarratais ar athnuachan ceadúnais ó thithe tábhairne, ó ionaid damhsa agus ó bhialanna os comhair na gCúirteanna faoi láthair. Rinneadh cigireacht ar 42 áitreabh san iomlán roimh an dáta Cúirte ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Tugadh faoi chorp mór oibre




*Liam Carroll, Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta; Eddie Coleman, Oifigeach Stáisiúin Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid; an Comh. Brian O Donoghue; Padraig O' Gorman, Stiúrthóir Seirbhísí; Neal O' Grady, Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta Sinsearach*


chun forálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin agus na dualgais riaracháin a bhaineann le deimhnithe, litreacha agus coinníollacha ceadúnais a eisiúint a chomhlíonadh. Rinneadh roinnt forfheidhmithe ar áitribh phoiblí agus eisíodh roinnt litreacha rabhaidh chuig úinéirí áitribh agus chuig áititheoirí tar éis cigireachtaí a rinneadh de bhun gearáin a fháil ó dhaoine den phobal, de bhun saincheisteanna ar leagadh béim orthu tar éis teagmhas agus de bhun nithe eile ar tarraingíodh aird na nOifigeach Dóiteáin orthu.

## Rialú Foirgníochta

Déanann an Rannóg um Rialú Foirgníochta bainistiú gníomhach ar an gCóras Bainistíochta Rialú Foirgníochta. Tugann sí faoi chigireachtaí rialta ar thionscadail foirgníochta chun comhlíonadh Chodanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta a chinntiú le linn chéim na tógála, agus bailíochtú agus scrúdú teicniúil á ndéanamh aici ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cuireann sí daoine den phobal ar an eolas faoin gcóras freisin. Tá na hIarratais uile ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ar Dhóiteán agus ar Dheimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas á ndéanamh anois trí Chóras Bainistíochta na Rannóige um Rialú Foirgníochta. D'oibrigh an Rannóg um Rialú Foirgníochta i ndlúthchomhar leis an Oifig Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh, a dhéanann faireachán ar cháilíocht agus caighdeán na dtáirgí tógála a thairgtear lena ndíol i gContae Cheatharlach. Rinneadh cigireachtaí neamhfhógartha tosaigh agus cigireachtaí leantacha ar roinnt áitreabh ar a dtairgtear táirgí tógála lena ndíol i gContae Cheatharlach.

## Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid

Meastar Ionad Oiliúna agus Forbartha Bhaile Haicéid anois a bheith ar an tsaoráid is fearr in Éirinn le haghaidh oiliúint i gcomhrac dóiteáin a chur ar chomhraiceoirí dóiteáin oibríochtúla agus ar oifigigh dhóiteáin. Óstáladh cúrsaí oiliúna i nGaireas Análaithe agus in Iompraíocht Dóiteáin Urrainne dóibh seo a leanas sa tsaoráid: comhraiceoirí dóiteáin ó Sheirbhísí Dóiteáin Cheatharlach, Chathair Chorcaí, Chontae Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Lú, na Mí, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, na hIarmhí, Loch Garman agus Chill Mhantáin, agus Aerchór na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann. Óstálann Grúpa Náisiúnta Oiliúna na Seirbhísí Údaráis Áitiúil Cúrsaí Oiliúna tráthrialta atá creidiúnaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, i nGaireas Análaithe agus in Iompraíocht Dóiteán Urrainne san Ionad Oiliúna.



D’óstáil Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid cúrsaí oiliúna ar feadh 221 lá san iomlán le linn na bliana 2022, agus tiocfaidh méadú ar an líon cúrsaí oiliúna a óstálfar i mBaile Haicéid sa bhliain 2023 a luaithe a chuirfear na hoibreacha tógála agus feabhsúcháin atá beartaithe i gcrích.

## Eagraíocht Tarrthála Éireann

Leanfaidh comhraiceoirí dóiteáin ó Sheirbhís Dóiteáin Chontae Cheatharlach de bheith ar thús cadhnaíochta maidir lena foirne fuascailte agus tráma. Ag an Dúshlán Domhanda Tarrthála a óstáladh i Lucsamburg i mí Mheán Fómhair, chríochnaigh an fhoireann sa tríú háit ar an iomlán sa ghné tráma den dúshlán agus sa cheathrú háit ar an iomlán sa ghné tarrthála teicniúla. Mar thoradh ar na scóir aonair sin, chríochnaigh foireann Cheatharlach sa 6ú háit ar an iomlán, rud ar thoradh iontach é toisc go raibh an fhoireann san iomaíocht le 72 cheann de na Seirbhísí Dóiteáin is fearr ar domhan.

## Dámhachtain Spiorad Cheatharlach

Bhronn Comhlachas Tráchtála Cheatharlach Dámhachtain Spiorad Cheatharlach ar Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach ag a Shearmanas Bronnta bliantúil a cuireadh ar siúl in Amharclann Visual an 29 Meán Fómhair. Le Dámhachtain Spiorad Cheatharlach, tugtar aitheantas do na daoine sin a bhféadfadh nár tugadh a ndea-ghníomhartha faoi deara. Bhí na moltóirí ag lorg na ndaoine aonair sin agus/nó na n-eagraíochtaí sin a fhreastalaíonn ar dhaoine eile go neamhleithleasach agus ar ábhar spreagtha iad do shaoránaigh Chontae Cheatharlach.

## Flít Athléimneachta Náisiúnta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí

Leanann Seirbhís Dóiteáin Cheatharlach le tacú le hobair na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandálaí trí bhainistiú a dhéanamh ar fhlít na Stiúrthóireachta, ina bhfuil 11 cheann d’fhearais dóiteáin Athléimneachta agus Oiliúna. Déantar an 11 fhearas dóiteáin sin a bhainistiú agus a chothabháil trí Sheirbhís Dóiteáin Cheatharlach. Úsáideann an Stiúrthóireacht Náisiúnta iad chun Clár Náisiúnta Oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin a sholáthar d’oifigigh dhóiteáin ag gach céim, idir Earcaithe agus Oifigigh Shinsearacha.



# Bóithre, Iompar agus Tionscadail Speisialta

**1,329 km**
Fad an ghréasáin bóithre i gContae Cheatharlach

**37**
An líon éileamh forchúitimh cistiúcháin, arbh ionann a luach agus €11,207,175

**75**
An líon comórtas (a ullmhaíodh, a fógraíodh, a measúnaíodh agus a dámhadh)

**82**
An líon orduithe ón bPríomhfheidhmeannach/ ón Stiúrthóir Seirbhísí

**20**
An líon Cóireálacha Seirbhísí Geimhridh de Thosaíocht 1, ar úsáideadh 283 thonna de shalann lena linn

**360**
An líon Ceadúnas Oscailte Bóthair

**73**
An líon Iarratas Ualaigh Neamhghnách a próiseáladh

**€466,733**
An tsuim a éilíodh le haghaidh Oibreacha Cothabhála Bóithre Náisiúnta

**€1,461,176**
An tsuim a éilíodh le haghaidh Oibreacha Feabhsúcháin Bóithre Náisiúnta

**€3,670,116**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Neartú

**€1,009,968**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Athshéalú

**€269,140**
An tsuim a caitheadh ar Bhóithre Droichid Réigiúnacha agus Áitiúla a Neartú

**€1,838,555**
An tsuim a caitheadh ar oibreacha Draenála, Sábháilteachta Bóthair agus Feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

**6,499**
An líon Soilse Poiblí sa Chontae

**2,670**
An líon Soilse Poiblí LED sa Chontae

**952**
An líon Deisiúchán a rinneadh ar Shoilsiú Poiblí

**€667,680**
Costais Fuinnimh agus Feabhsúcháin a bhain le Soilsiú Poiblí

# Bóithre agus Iompar

**Tá an-tábhacht ag baint le dea-ghréasán bóithre agus iarnróid a bheith ann ar mhaithe le rathúnas eacnamaíoch an chontae. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh dea-rochtain ann ar Bhaile Átha Cliath, ar na calafoirt, agus ar na bailte móra sa réigiún. Chun críocha eacnamaíocha, sóisialta agus áineasa sa limistéar áitiúil, tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfaí an bonn sócmhainne bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil de réir na gcaighdeán is airde is féidir, i gcomhréir leis an gcistiú atá ar fáil.**

Is é beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil. Tá 1,329 km ann sa ghréasán bóithre i limistéar riaracháin Cheatharlach (rud atá comhdhéanta de 24 km de Mhótarbhealaí; de 54 km de Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád, de 186 km de Bhóithre Réigiúnacha agus de 1,065 km de Bhóithre Áitiúla).

## An Gréasán Mótarbhealaí

Is é Bonneagar Iompair Éireann a bhainistíonn gach scéim mótarbhealaigh agus a sholáthraíonn cistiú dóibh.

## An Gréasán Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Soláthraíonn Bonneagar Iompair Éireann cistiú do bhóithre náisiúnta. Fuair Ceatharlach leithdháileadh tosaigh €4,267,783 sa bhliain 2022 chun oibreacha cothabhála feabhsúcháin a dhéanamh ar dhroichid agus ar charrbhealaí agus chun freastal ar na costais a bhaineann le maoirseacht agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus le soilsiú poiblí a leagan ar an ngréasán. Tá na tionscadail a sainaithníodh comhdhéanta díobh seo a leanas:

| Catagóir Cistiúcháin | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Feabhsúcháin Cosán**<br>Láithreacha a sainaithníodh bunaithe ar shuirbhé cuimsitheach ar an ngréasán bóithre náisiúnta.<br>*NÓTA – Tionscadail a measúnaíodh agus a dearadh sa bhliain 2022, agus oibreacha le tosú ar an láithreán sa bhliain 2023.* | An N80 ag Ráth Corróg/ Ceatharlach<br>An N80 ag Cloch Mhic Sheoinín<br>An N81 ag an mBothach/ Teorainneacha an Chontae | €1,930,000<br>€633,000<br>€920,000 |
| **Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta**<br>Leithdháileadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta trí Chéimeanna 1 go 7 den Treoir Bainistíochta Tionscadail | An N80 Scéim Feabhsúcháin Chora an Leamhaigh | €370,000 |

Ina dhiaidh sin, rinne Comhairle Contae Cheatharlach iarratas ar chistiú breise le haghaidh scéimeanna cothabhála agus feabhsúcháin ar na Bóithre Náisiúnta. D'éirigh léi cistiú breise €397,490 a áirithiú.

| Catagóir Cistiúcháin | Tionscadal | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Scéim Cothabhála Cosán**<br>Tionscadail ar mó iad ná Tionscadail Lochtanna agus ar lú iad ná Tionscadail Feabhsúcháin Cosán. Is gnách go mbíonn luach na dtionscadal sin sa raon idir €50k agus 200k. | An N80 ag na Muilte Bána<br>An N81 ag Crois Mhic Craith | €66,000<br>€157.000 |
| **Scéim Cothabhála Lochtanna**<br>*Cistiú breise le haghaidh bearta práinneacha leasúcháin. Is gnách gur lú a luach ná €50k* | Oibreacha ar 13 láthair ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta | €174,490 |

## An Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Soláthraíonn an Roinn Iompair cistiú le haghaidh oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Fuair Ceatharlach leithdháileadh **€8,010,618** sa bhliain 2022 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta. Dírítear sa chlár sin ar bhearta feabhais a bhfuil géarghá leo a dhéanamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae faoi na ceannteidil seo a leanas:

| Catagóir Cistiúcháin | Stádas | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| **Feabhsú Athchóirithe.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | Cuireadh 36 thionscadal i gcrích | €3,704,500 |
| **Cothabháil Athchóirithe.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar dhromchlaí na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | Cuireadh 35 thionscadal i gcrích | €1,020,000 |
| **Deontas Lánroghnach.**<br>Rannchuidíonn an Deontas seo le híoc as na costais a bhaineann le maoirseacht, le soilsiú poiblí, le suiteálacha comharthaíochta cothabhála geimhridh agus ginearálta, le marcanna bóthair, le feabhsuithe cosán/le deisiúchán ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta | Cuireadh 44 thionscadal shonracha i gcrích agus rinneadh gníomhaíochtaí cothabhála ginearálta | €1,073,000 |
| **Athshlánú Droichead.**<br>Dírítear sa chlár seo ar dheisiúcháin a dhéanamh ar dhroichid atá suite ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae. | Cuireadh 9 dtionscadal i gcrích | €270,000 |
| **Deontas Feabhsúcháin Shonraigh.**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Shonraigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail suas le €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Fheabhsuithe Acomhail ar Bhóthar Chill Chainnigh/an R448. | Tá an dearadh mionsonraithe ag druidim lena chur i gcrích, meastar go gcuirfear amach é le haghaidh tairiscintí in R1 2023 | €250,000 |
| **Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh.**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas Feabhsúcháin Straitéisigh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, rud a ngabhann costas measta iomlán tionscadail os cionn €5 mhilliún leis, rannchuidiú le tabhairt faoi na measúnuithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar Bhóthar Faoisimh Theas Cheatharlach. | Réamhchás Gnó a Ghabháil de Láimh | €100,000 |
| **Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shaincheisteanna sábháilteachta de chuid Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a sainaithníodh go sonrach. | Cuireadh 12 thionscadal i gcrích | €220,000 |
| **Oibreacha Draenála.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar dhraenáil uisce dromchla na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. | Cuireadh 19 dtionscadal i gcrích | €267,468 |
| **Iar-Bhóithre Náisiúnta.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha na nIar-Bhóithre Náisiúnta sa chontae. | Cuireadh 2 thionscadal i gcrích | €580,000 |
| **Oibreacha um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus um Athléimneacht i leith na hAeráide.**<br>Tá sé mar aidhm leis an Deontas seo tabhairt faoi chlár spriocdhírithe oibreacha feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | Cuireadh 6 thionscadal i gcrích | €241,400 |
| **Scéim Rannpháirtíochta Pobail.**<br>Dírítear sa chlár seo ar fheabhsuithe a dhéanamh ar shláine struchtúrtha agus dromchlaí na mBóithre Áitiúla den Tríú Grád sa chontae, i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara. | Cuireadh 9 dtionscadal i gcrích | €220,550 |



*An tIomaire, Seanleithghlinn*



*Oibreacha athdhomchlaithe ar an N81 ag Crois Mhic Craith*

## Scéim Feabhsúcháin

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla chun tabhairt faoi chlár um fheabhsuithe spriocdhírithe ar shláine struchtúrtha agus dromchlaí na mbóithre príobháideacha sa chontae i gcomhar leis na húinéirí réadmhaoine gaolmhara, dá bhfuair Ceatharlach:

| Fógra | Leithdháileadh | Stádas |
|---|---|---|
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla – Babhta 1 (Aibreán) | €351,880 | Cuireadh 18 dtionscadal i gcrích |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla – Babhta 2 (Lúnasa) | €592,202 | Cuireadh 19 dtionscadal i gcrích |

## Clár Oibreacha Feabhais Riosca

Bhuail Comhairle Contae Cheatharlach le hionadaithe d'Árachas Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB) chun plé a dhéanamh ar thograí féideartha oibre feabhais riosca a bhfuil mar aidhm leo éilimh fhéideartha dliteanais phoiblí amach anseo a chomhrac/a laghdú. Bunaithe ar shonraí faoi éilimh stairiúla/reatha dhliteanais phoiblí agus ar an mbaol go dtiocfaidh éilimh den sórt sin chun cinn sa todhchaí, d'ullmhaigh Innealtóirí an Cheantair Bhardasaigh plean dhá bhliain chun an bonneagar cosán a uasghrádú. Fuarthas cistiú ina dhiaidh sin chun tabhairt faoi oibreacha feabhais ar limistéir ardriosca ar fud an chontae thar thréimhse dhá bhliain (2022 agus 2023) i suim is fiú thart ar €2 mhilliún.

## Taisteal Gníomhach

Is é is Taisteal Gníomhach ann ná "taisteal le cuspóir trí d'fhuinneamh féin a úsáid". Tríd is tríd, ciallaíonn sé sin siúl nó rothaíocht a dhéanamh mar chuid de thuras a bhfuil cuspóir leis. Is féidir leis úsáid scútar gan inneall a fholú freisin, a mbíonn ag méadú ar a n-úsáid le haghaidh iompar uirbeach, go háirithe i measc leanaí scoile. Dá bhrí sin, meastar gurb ionann agus taisteal gníomhach siúl mar chuid de chomaitéireacht chun na hoibre, rothaíocht a dhéanamh chun an tsiopa nó taisteal de scútar chun na scoile agus ní mheastar gurb ionann agus taisteal gníomhach siúl nó rothaíocht a dhéanamh chun críocha fóillíochta amháin.

I mí na Nollag 2021, d'iarr an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratais ó Chomhairle Contae Cheatharlach ar scéimeanna atá le breithniú le haghaidh cistiú faoin gClár Taistil Ghníomhaigh.

I mí Eanáir, leithdháil an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistí is fiú €289 milliún ar údaráis áitiúla na hÉireann lena gcaitheamh ar bhonneagar siúil agus rothaíochta sa bhliain 2022. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach leithdháileadh ab ionann agus thart ar €2.5m le haghaidh 24 thionscadal.



*Páirc Bus Bhaile Cheatharlach*



*Oibreacha cosán ag Cúirt an Lóiste, an Bhuiríos*



*Tréscaoilteacht na Bearú*

| Scéim | Suim (€) |
|---|---:|
| Raon Siúil agus Rothar na Boirne | 200,000 |
| Scéim Coisithe agus Rothar idir Hanover agus Coláiste Tyndall | 180,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Acomhail an Lána Ghlais/Bhóthar an Iarnróid | 40,000 |
| Scéim Coisithe agus Rothar Bhóthar na Tulaí, Ceatharlach | 200,000 |
| Scéim Coisithe agus Rothar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach | 140,000 |
| Nasc Tréscaoilteachta Bhóthar Bhaile Staplóg/Bhóthar Bhaile Pholaird | 48,000 |
| Nasc Tréscaoilteachta Shiúlán na Bearú, Ceatharlach | 80,000 |
| Scéim Siúil agus Rothaíochta Cuarbhealaigh Bhaile na Tulaí | 150,000 |
| Scéimeanna Cosán Nua – an Bhuiríos | 50,000 |
| Staidéar Iompair Cheatharlach-na Gráige | 200,000 |
| Staidéar ar Thrasrianta Iarnróid Mhuine Bheag | 52,000 |
| Scéimeanna Rothar Leithscartha Éadroim | 50,000 |
| Feabhsuithe Acomhal/Trasrian Coisithe | 120,000 |
| Bearta Tréscaoilteachta Ísealchostais | 80,000 |
| An Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil – Bonneagar Tacaíochta | 100,000 |
| Droichead George Semple, Tigh na hInse | 20,000 |
| Nasc Radharc an tSléibhe, Baile Haicéid | 60,000 |
| Bóthar Ráth Tó, an Tulach | 100,000 |
| Bóthar Fhionnmhach, an Bhuiríos | 60,000 |
| Raon Siúil agus Rothar idir Páirc Ghort an Tobair agus an Bóthar Glas | 20,000 |
| Bóthar na Darach Ríoga, Muine Bheag | 20,000 |
| Sráid an Teampaill, an Ghráig | 100,000 |
| Garrán na Fuinseoige, Ceatharlach | 150,000 |

# Tionscadail Speisialta

## An Ciste um Athghiniúint Uirbeach – Baile Cheatharlach

I mí na Bealtaine 2020, d'iarr an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iarratais ó Údaráis Áitiúla ar scéimeanna lena mbreithniú faoin Dara Glao den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, atá mar chuid de Chlár an Rialtais. Chuir Comhairle Contae Cheatharlach iarratas isteach ar chistiú Ghlao 2 ar áiríodh leis roinnt de na hidirghabhálacha a beartaíodh i dTionscadal Cheatharlach 2040. Is é is Tionscadal Cheatharlach 2040 ann ná straitéis athghiniúna ar ghlac an Chomhairle í chun Ceatharlach a bhunathrú ina lárionad cumhachta réigiúnach ina mbeidh fás inbhuanaithe agus cáilíocht beatha níos fearr do chách.

I mí an Mheithimh 2022, fuair an Chomhairle ceadú ón Roinn le haghaidh an Réamhcháis Gnó a chuir sí isteach mar an chéad chéim eile ceadaithe tríd an gCód Caiteachais Phoiblí le haghaidh an tionscadail. Leis an gcéadú sin, tháinig méadú ar chostas measta iomlán an tionscadail go €22,780,036 agus deimhníodh an chéad chéim eile go n-ullmhófaí an Straitéis Deartha, Pleanála agus Soláthair lena cur isteach lena breithmheas ag an Roinn. Cuireadh isteach í i mí Dheireadh Fómhair. I mí na Nollag, fuair an Chomhairle Litir Ceadaithe ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach inar deimhníodh an togra ón gComhairle go soláthrófaí an tionscadal mar dhá fhothionscadal leithleacha agus go ndéanfaí dul chun cinn ar na hoibreacha deartha mhionsonraithe a theastaíonn, ar na toilithe pleanála agus ar aon éadálacha riachtanacha talún. Tá an ríomhthairiscint foirne deartha tionscadail á tabhairt chun críche ag Comhairle Contae Cheatharlach anois lena heisiúint sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

Is ionann luach iomlán an tionscadail de chuid an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus €22.78m, dá bhfaighfí 75% trí chúnamh deontais tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

## Na Tionscadail

Is iad seo na scéimeanna a ceadaíodh:

- Nasc Iarnróid agus Feabhsú Ríochta Poiblí ó Choláiste Cheatharlach go Lár an Bhaile: €2.9m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar Shráid na Tulaí agus ar Shráid Bhaile Átha Cliath: €2m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar an Margadh Prátaí: €8.5m
- Feabhsú Ríochta Poiblí agus nascacht nua ón Margadh Prátaí go Sráid na Beairice trí Ionad Siopadóireachta Cheatharlach: €3.3m
- Sráid na Beairice, lena n-áirítear Cearnóg na Seamróige agus Coirnéal Mhic Thomáis/an Pháirc Bus: €4.1m
- Feabhsú Ríochta Poiblí ar Ascaill Uí Chinnéide: €1.9m

Is í an fhís ná go mbeadh Baile Cheatharlach ina bhaile cuimsitheach, dlúth agus inrochtana a bheadh ag feidhmiú go maith agus a mbeadh geilleagar áitiúil a bheadh láidir agus éagsúil mar bhonn agus thaca aige. Is í an aidhm go gcruthófaí Lár Baile beoga lena ndéanfaí soláthar do ghréasán spásanna oscailte, úsáidí áineasa agus gnéithe eile bonneagair shóisialta a bheadh nasctha lena chéile agus lena soláthrófaí dea-cháilíocht beatha do chách.



# Cosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach

**Tá Comhairle Contae Cheatharlach ar an Údarás Cosanta Sibhialta do limistéar riaracháin Chontae Cheatharlach. San Acht um Chosaint Shibhialta, 2003, leagtar amach roinnt ról do Chosaint Shibhialta. Áirítear leis na róil sin: seirbhís chúltaca a sholáthar do na Bunseirbhísí Éigeandála; Seirbhís Pobail; Oiliúint i dTaismeach; Cumarsáidí Raidió; Tarrtháil; Leas; Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (cuardach agus aisghabháil). Soláthraíonn Cosaint Shibhialta seirbhís freisin don Údarás Áitiúil, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do na Gardaí i gcás dálaí aimsire crua amhail tuile agus sneachta. Soláthraíonn Cosaint Shibhialta Faireachán Radaíochta i gcásanna éigeandála freisin.**




Is oibrithe deonacha iad na baill uile de Chosaint Shibhialta Chontae Cheatharlach, cé is moite den Oifigeach Cosanta Sibhialta, atá fostaithe ag Comhairle Contae Cheatharlach ar bhonn páirtaimseartha. Tá níos mó ná 54 bhall dheonacha againn faoi láthair i láithreacha ar nós bhaile Cheatharlach, Mhuine Bheag, na Buiríse agus Ráth Ana. Déantar oiliúint sheachtainiúil in ábhair amhail Garchabhair go leibhéal ACS, Freagróir Garchabhrach, na Chéad Fhreagóirí Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Teicnící Tarrthála Mearuisce, Tarrtháil Theicniúil, Scileanna Cuardaigh, Leas etc., a theagasc agus a chleachtadh. Ar ár sceideal oiliúna ag an deireadh seachtaine, déantar na hábhair a theagasctar a chleachtadh agus tástáiltear na scileanna a thagann as in aghaidh contaetha eile in iomaíocht ag ionaid éagsúla.

Soláthraíonn aonaid Bhád Cosanta Sibhialta cúnamh cúltaca don tseirbhís Dóiteáin agus do na Gardaí i gcásanna Cuardaigh agus Aisghabhála Abhann. Oiltear deonacha i scileanna bádóireachta, teicnící cuardaigh agus aisghabhála abhann agus talún do chásanna cúltaca do na Gardaí. Reáchtáiltear cúrsaí i bhFeasacht Uisce agus sa Chéad Fhreagróir do Thuile Mearuisce ar fud na bliana.

| Dáta | Gníomhaíocht | Ionad |
|---|---|---|
| 07/01/2022 | Trealamh Tástála Covid-19 a ullmhú d'Ionad Cheatharlach um Thástáil Covid-19 agus é a sheachadadh air. | Ionad Cheatharlach um Thástáil Covid-19, Baile Cheatharlach |
| 14/01/2022 | Trealamh Tástála Covid-19 a ullmhú d'Ionad Cheatharlach um Thástáil Covid-19 agus é a sheachadadh air. | Ionad Cheatharlach um Thástáil Covid-19. Ospidéal Naomh Dympna, Baile Cheatharlach. |
| 11/02/2022 | Aistrithe Coinní chuig Ospidéal Ollscoile Phort Láirge agus filleadh. | Ó Cheatharlach go dtí an tOspidéal Ollscoile i bPort Láirge. |
| 18/02/2022 | Cabhair feithiclí faoi thiomáint ceithre roth le linn Stoirm Eunice do ghlaonna éagsúla amach. | Ceanncheathrú na Cosanta Sibhialta, Muine Bheag, agus láithreacha éagsúla timpeall Chontae Cheatharlach. |
| 19/02/2022 | Seoladh Shlí Cholmáin agus Siúlóid ó Stua Laighean go Míseal | Bainistíocht Tráchta ar Bhóithre agus Garchabhair |
| 17/03/2022 | Maoirseacht ag Paráidí éagsúla Lá Fhéile Pádraig. | Paráidí Lá Fhéile Pádraig, Muine Bheag. Lá Spraoi Teaghlaigh Cheatharlach |
| 18/02/2022 | Ionad Aíochta d'Úcránaigh a ullmhú. | Ionad Aíochta Bhalana |
| 06/04/2022 | Ionad Aíochta a bhunú i mBalana | Halla Pobail Bhalana |
| 03/06/2022 | Iompar a Sholáthar d'Úcránaigh chuig Láithreacha Éagsúla le haghaidh Cóiríochta | Cóiríocht éagsúil Leaba is Bricfeasta. |
| 05/06/2022 | Oibríocht Sábháilteachta le haghaidh Regatta Cheatharlach ar an mBearú. | An Bhearú, Baile Cheatharlach |
| 29/11/2022 | Bronnadh Bhoinn Covid-19 ag an Aire Coveney i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, as obair a rinneadh le linn phaindéim Covid-19. | Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. |
| 12/12/2022 | Bronnadh Bhoinn Covid-19 agus Teastas Garchabhrach le linn cruinniú de Cheantar Bardasach Mhuine Bheag. | Seomra na Comhairle i Halla Mhic Craith, na hOifigí Cathartha, Muine Bheag. |

# An Rannóg Tithíochta

**1,953**
Iomlán an stoic tithíochta sóisialta

**320**
Iomlán na ndaoine a bhí ar an Scéim Cóiríochta Cíosa

**620**
Iomlán na ndaoine a bhí ag fáil Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

**85**
An líon Réadmhaoine Léasa Fhadtéarmaigh

**13**
An Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin

**309**
An líon daoine a Tháinig i Láthair de dheasca Easpa Dídine

**91**
Iomlán na nDaoine a Cuireadh isteach i gCóiríocht Éigeandála

**236**
An líon Tithe a Leithdháileadh (Áirítear leo sin 16 Theach a Leithdháileadh ar Dhaoine den Lucht Siúil agus 31 Teach a Leithdháileadh ar Dhaoine faoi Mhíchumas)

**81**
An líon Aonad Nuathógtha

**35**
An líon Tithe a Athligeadh ar Cíos

**31.48 seachtain**
An Mheántréimhse Athligin

**160**
An líon Gearán faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta

**2,605**
An líon Iarrataí Cothabhála

**€6.4 milliún**
Iomlán na gCíosanna a Bailíodh

**€24.49 milliún**
Iomlán an Chaiteachais Caipitil

**23**
An líon Morgáistí a Ceadaíodh i bPrionsabal

**245**
An líon Deontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

**90**
An líon Deontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta

**92**
An líon Deontas a Ceadaíodh faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí

## Is é beartas Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Cheatharlach:-

- Gach teaghlach a chumasú teaghais inacmhainne ar chaighdeán maith a bheith aige, rud atá oiriúnach dá riachtanais, atá suite i dtimpeallacht mhaith agus, chomh fada agus is féidir, lena ngabhann an tionacht de rogha an teaghlaigh.
- Úinéireacht tí a spreagadh agus earnáil cíosa, idir phoiblí agus phríobháideach, atá rathúil, níos éagsúla agus dea-bhainistithe a chur chun cinn.
- Caighdeáin mhaireachtála agus tógála gach réadmhaoine a choimeád de réir caighdeán ard.
- Idirchaidreamh a dhéanamh lenár gcuid tionóntaí agus comhpháirtithe sóisialta chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo.

## Is féidir gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Cheatharlach mar Údarás Tithíochta a achoimriú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Tithíocht Shóisialta a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil
- An t-éileamh ar thithíocht shóisialta a athbhreithniú agus a nuashonrú
- Deontais féinchabhrach a sholáthar chun cur ar chumas tionóntaí feabhsuithe a dhéanamh ar a dteach
- Úinéireacht tí a spreagadh trí scéim Iasachtaí Tí Atógáil Éireann a chur chun cinn
- Feabhas a chur ar chóiríocht, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas araon, trí chúnamh deontais a thabhairt faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas, faoin Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Deontas um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta
- Obair i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le Comhlachtaí Deonacha chun cabhrú le freastal ar riachtanais tithíochta i gCeatharlach
- An Scéim Cóiríochta Cíosa/Scéimeanna Léasúcháin agus an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a oibriú le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta
- Oibriú na Scéime 'Cíos in ionad Morgáiste'
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a chur chun feidhme
- An Clár Uasghrádaithe Fuinnimh a chur chun feidhme
- An Clár Cigireachtaí Tithíochta



# An Fhreagairt Dhaonnúil Úcránach

## An Fóram Freagartha Pobail

Rinne Cónaidhm na Rúise ionsaí míleata ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, rud a chruthaigh géarchéim dhaonnúil ollmhór. Glacadh cur chuige uile-rialtais le linn na bliana 2022 i leith an ghéarchéim sin a bhainistiú. Mar chuid den fhreagairt náisiúnta, agus ar iarraidh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, bhunaigh Comhairle Contae Cheatharlach an Fóram Freagartha Pobail chun freagairt chomhordaithe a sholáthar chun tacú le dídeanaithe ón Úcráin a bhí ag teacht isteach i gContae Cheatharlach.

Tá an Fóram Freagartha Pobail faoi chathaoirleacht ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach. Is fóram ilghníomhaireachta é, a chuimsíonn ionadaithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus ó ghníomhaireachtaí deonacha araon a oibríonn i bpobail ar fud an chontae. Thionóil an Fóram Freagartha Pobail 13 chruinniú le linn na bliana 2022. Bunaíodh foghrúpa de chuid an Fhóraim Freagartha Pobail freisin. Thionóil an foghrúpa sin cruinnithe ar bhonn seachtainiúil.

## Ionad Scíthe

I mí Aibreáin 2022, bhunaigh Comhairle Contae Cheatharlach Ionad Scíthe i mBalana, Contae Cheatharlach, chun saoráidí cóiríochta sealadaí a sholáthar do Thairbhithe Úcránacha a bhí ag teacht go hÉirinn. Freastalaíodh ar 384 Thairbhí Úcránacha trí Ionad Scíthe Bhalana le linn na bliana 2022.

## Gealltanais do Chros Dhearg na hÉireann

Tar éis achainí ó Chros Dhearg na hÉireann, gheall daoine den phobal réadmhaoine comhroinnte nó folmha a chur ar fáil d'Úcránaigh a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Tugadh an chóiríocht ghealltа sin ar aghaidh do na húdaráis áitiúla le linn na bliana 2022 lena leithdháileadh. Mheas Comhairle Contae Cheatharlach 25 réadmhaoin san iomlán a bheith inmharthana. Leithdháileadh na réadmhaoine sin le linn na bliana 2022.

## An Scéim um Theach a Thairiscint

Seoladh an Scéim um Theach a Thairiscint an 24 Samhain 2022. Tá sí ina cuid de thionscnamh nua rialtais, atá faoi stiúir ag údaráis áitiúla, chun leas a bhaint as tithe, árasáin nó tithe saoire gan chónaí ar mhaithe le cóiríocht a sholáthar do dhaoine agus teaghlaigh ón Úcráin. Leithdháileadh cúig réadmhaoin san iomlán faoin Scéim um Theach a Thairiscint le linn na bliana 2022. Leanfar ar aghaidh leis an Scéim sa bhliain 2023.

## An Tionscnamh Carranna Pobail

Tugadh an Tionscnamh Carranna Pobail isteach i mí na Nollag 2022. Tá sé mar aidhm leis carr pobail a chur i bhfeidhm i gContae Cheatharlach, rud a chuirfear ar fáil trí Chomhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach ansin laistigh de théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse atá aici le Comhairle Contae Cheatharlach. Is é cuspóir an chláir seo tacú le cóiríocht a chur ar fáil do Dhídeanaithe Úcránacha i limistéir atá suite lasmuigh de lárionaid uirbeacha agus in áiteanna nach bhfuil naisc iompair tuaithe nasctha go hiomlán lena chéile. Úsáidfear an carr pobail chun tacú le Tairbhithe Úcránacha ar leithdháileadh cóiríocht orthu faoi phróiseas gealltanas Chros Dhearg na hÉireann agus faoin scéim um Theach a Thairiscint. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm go luath sa bhliain 2023.

## An Ciste Éire Shláintiúil

Ag gníomhú di faoin mbranda 'Éire Shláintiúil', sholáthair an Roinn Sláinte cistiú €19,050 chun sláinte agus folláine dídeanaithe Úcránacha a chur chun cinn, ar daoine iad a d'iarr cosaint in Éirinn mar chuid den ghéarchéim dhaonnúil idirnáisiúnta a d'eascair as an gcogadh san Úcráin. Tá an ciste sin, a tosaíodh i mí na Samhna 2022, á sholáthar trí na gníomhaireachtaí a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an bhFóram Freagartha Pobail. Áirítear leis na tionscadail 'Spring Socials', Siúlóidí Coillearnaí, Treodóireacht do Theaghlaigh agus do Leanaí, Siúlóidí Sealgaireachta, Snámh Foraoise, agus Cniotáil agus Comhrá. Leanfar ar aghaidh leis an tionscnamh sa bhliain 2023.

# Pobal, Áineas agus Taitneamhacht

**146**
An Líon Deontas a Dámhadh (an Scéim Deontas Comhshaoil/ Taitneamhachta 2022 dar Luach Iomlán €65,000)

An Líon Ceann d'Iarratais Ómós Áite
**82**

Dámhadh 219 nDeontas (Cistí Lánroghnacha Chomhairle Contae Cheatharlach)
**€107,420.18**

**€1,480,598.10**
Tionscadal LEADER

**€636,836**
Buiséad SICAP don bhliain 2022

Fuair 65 Ghrúpa Pobail deontais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin gCiste Gníomhaíochtaí Pobail
**€268,411**

**Lean Comhairle Contae Cheatharlach ag cur leis an gcaidreamh láidir oibre atá ar bun aici leis na pobail uile ar fud Chontae Cheatharlach le linn na bliana 2022. Dámhadh na deontais seo a leanas do Ghrúpaí Pobail agus do Chumainn Cónaitheoirí sa bhliain 2022.**

| | |
|---|---|
| **Scéim Deontas Comhshaoil/Taitneamhachta 2022**<br>Eisíodh 145 Dheontas. Cuirtear cistiú ar fáil chun tacú le Cumainn Cónaitheoirí, le Gairdíní Pobail agus le Scéimeanna Cuibhreann atá ag iarraidh tabhairt faoi thionscnaimh phobail de chineál Comhshaoil lena rannchuidítear le feabhas a chur ar a dTimpeallacht áitiúil. | €65,000.00 |
| **Cistiú Lánroghnach 2022**<br>Eisíodh 219 nDeontas. Tacaítear le grúpaí pobail agus iad ag iarraidh tionscadail a sholáthar agus a chur chun cinn ina gceantar. | €107,420.18 |
| **Clár Idirthréimhseach LEADER 2022-2023**<br>Ceadaíodh 17 dTionscadal. Turasóireacht Tuaithe, Féilte, Fiontar Tuaithe, Bailte Tuaithe, Cuimsiú Sóisialta, agus an Comhshaol. | €1,480,598.10 |

| | |
|---|---|
| **An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)**<br>Bhí an bhliain 2022 ar an gcúigiú bliain de Chlár SICAP, lenar cumhdaíodh an tréimhse idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2022. Fadaíodh an Clár go dtí an 31 Nollaig 2023.<br>Soláthraíodh cistiú breise don Fhreagairt Éigeandála Úcránach. | €636,836.00<br><br>€69,619.00 |
| **Clár LEADER 2023-2027**<br>Chuir Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Cheatharlach Léiriú Spéise i gClár nua LEADER 2023-2027 isteach an 16 Nollaig tar éis don Choiste é a cheadú an 13 Nollaig. Ainmníodh Carlow County Development Partnership CLG mar Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme. | |
| **Ciste Gníomhaíochtaí Pobail 2022**<br>Eisíodh 65 Dheontas. Soláthraítear cistiú chun tacú le grúpaí, go háirithe grúpaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste, freastal ar a gcostais reatha, amhail billí fóntais agus árachais, agus feabhas a chur ar a saoráidí. | €268,411.00 |

## Ómós Áite Cheatharlach

Seoladh comórtas Ómós Áite Cheatharlach Déardaoin an 7 Aibreán 2022. Mar chuid den seoladh sin, reáchtáladh ceardlann le Gary Graham, cruthaitheoir an chláir teilifíse 'Bloom/ Supergarden', agus leis an Dr Christy Boylan, Moltóir Sinsearach do Ghradaim Náisiúnta Bailte Slachtmhara Supervalu. Ainmníodh Gary Graham agus Eleanor Deegan ó Hortitude Ltd mar mholtóirí do chomórtas Ómós Áite 2022. Bhí oíche bronnta gradam Ómós Áite ar siúl Dé Céadaoin an 30 Samhain 2022, áit ar bhronn Comhairle Contae Cheatharlach níos mó ná 60 duais ar ghrúpaí pobail ar fud an Chontae.

## Contae Cheatharlach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Athbhreithníodh an comhaltas den Chomhghuaillíocht um Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Daoine Breacaosta sa bhliain 2022. Tionóladh trí chruinniú de chuid na Comhghuaillíochta le linn na bliana freisin. Ullmhaíodh iarraidh ar thairiscintí le haghaidh plean straitéiseach nua trí bliana a chur le chéile. Tacaíodh le roinnt tionscnamh réigiúnach agus áitiúil, lenar áiríodh: plean cumarsáide; eolaire seirbhísí do dhaoine breacaosta; agus clár réigiúnach rannpháirtíochta Éire Ildánach ar a dtugtar 'A river runs through it'.

## Ionad Oibrithe Deonacha Cheatharlach

Tháinig an Bord Stiúrthóirí le chéile ocht n-uaire le linn na bliana 2022 chun tacú le baill foirne an tIonad a oibriú agus a bhainistiú. Shínigh Comhairle Contae Cheatharlach comhaontú seirbhíse le hObair Dheonach Éireann sa bhliain 2022 freisin. Ranníocann an Chomhairle Contae €5,000 leis an gclár seo gach bliain.

## Tionscadal Cuibhreann Pobail The Plots

Le linn na bliana 2022, thacaigh an Rannóg Pobail le Coiste Bainistíochta The Plots cead a fháil chun ocht gceapach sa bhreis a chruthú agus chun polathollán a thógáil laistigh den limistéar teorann fálaithe reatha. Cabhróidh sé sin le méadú a dhéanamh ar an líon daoine a úsáideann na ceapacha. Tá dháréag ar an liosta feithimh faoi láthair.

## Comhairle na nÓg

Le linn na bliana 2022, rinne Comhairle na nÓg i gCeatharlach suirbhé fadréimseach ar an 'Idirdhealú', topaic a roghnaigh sí í féin. Ghlac 365 dhuine óga páirt sa suirbhé. Áiríodh leis na buaicphointí eile cur i láthair a thabhairt os comhair Chomhairle Contae Cheatharlach maidir le cuspóir an ghrúpa agus cuspóir na dtionscnamh a bhí beartaithe aige. Chomh maith leis sin, le tacaíocht ó Sheirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach, d'éascaigh an grúpa a Chruinniú Ginearálta Bliantúil féin i mí na Samhna. D'fhreastail 83 dhuine óga ó 12 cheann de scoileanna agus d'Ionaid Foghlama ar an gcruinniú sin. D'éascaigh an Rannóg Pobail trí chruinniú de chuid an ghrúpa idirghníomhaireachta a thugann tacaíocht agus treoir do Chomhairle na nÓg, Ceatharlach. Soláthraíonn Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach an clár faoi chomhaontú seirbhíse le Comhairle Contae Cheatharlach.




*Buaiteoirí chatagóirí na mBailte agus na Sráidbhailte Slachtmhara*




*Comhairle na nÓg, Ceatharlach, 2022*

## Grúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil

D'éascaigh Comhairle Contae Cheatharlach ceithre chruinniú de chuid Ghrúpa Idirghníomhaireachta Cheatharlach don Lucht Siúil sa bhliain 2022. Bhí sé mar aidhm leis na cruinnithe sin an plean gníomhaíochta a d'eascair as an doiciméad straitéiseach a thabhairt chun críche. Cuireadh an plean gníomhaíochta ar aghaidh trí ghrúpaí téamacha, bunaithe ar riachtanais an lucht siúil. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú €17,400 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun freastal ar chuid de na costais tuarastail a bhaineann leis an oibrí Forbartha Pobail atá fostaithe ag Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona chun tacú le Fóram Cheatharlach don Lucht Siúil a fhorbairt. Fuarthas cistiú €5,000 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin freisin chun oiliúint a sholáthar do bhaill foirne na Comhairle maidir le feasacht ar chultúr an lucht siúil agus maidir le tionóntacht inbhuanaithe.

## Ceatharlach Sláintiúil

Sa bhliain 2022, dhírigh fochoiste Cheatharlach Sláintiúil go príomha ar athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh a soláthraíodh faoi 'Bhabhta 3' den chistiú agus ar straitéis nua trí bliana a ullmhú. Cumhdaítear an tréimhse 2023-2025 leis an straitéis sin. Fuair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú €75,000 don bhliain 2023, mar aon le suim íosta ráthaithe €40,000 don dá bhliain ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, d'óstáil Coiste Cheatharlach Sláintiúil Frank Feighan TD, an tAire Stáit um Shláinte Phoiblí, Folláine agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, an 4 Bealtaine. Taispeánadh roinnt tionscnamh de chuid Cheatharlach Sláintiúil ar an lá, lenar áiríodh tionscadal scannáin de chuid Oideasú Sóisialta Cheatharlach agus The Coronas, rud a reáchtáladh i gcomhar le Coiste Cheatharlach um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus le hIonad VISUAL.

## An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, fuair Ceatharlach cistiú le haghaidh na dtionscadal seo a leanas sa bhliain 2022:

| Láthair | Suim |
|---|---|
| **Páirc Foraoise Pháirc na Darach – Céim 2**<br>Cosáin a uasghrádú, fálú a athsholáthar, agus suíocháin bhreise phicnice a shuiteáil | 180,000 |
| **Siúlóid Phurláin Thuaidh Mhuine Bheag**<br>Bealach siúil a fhorbairt | 199,900 |
| **Tarbhealach na Buiríse**<br>Siúlbhealach Tharbhealach na Buiríse a shíneadh | 230,400 |
| **Mol Lasmuigh Mhuine Bheag**<br>Leithris, seomraí gléasta, agus Ionad Garda Tarrthála agus Garchabhrach | 49,500 |
| **Foraois Chill Bhreatnais a Uasghrádú**<br>Lúb Chill Bhreatnais a uasghrádú | 27,000 |
| **Cnoc Eoin**<br>Uasghráduithe draenála, troscán bealaigh, clár léarscáile, agus comharthaí | 27,000 |
| **Cill Bhreatnais Theas a Uasghrádú**<br>Siúlóid a athródú ag Cill Bhreatnais | 27,000 |

## CLÁR

Faoin scéim CLÁR 2022, fuair Ceatharlach cistiú le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:

| Láthair | Suim |
|---|---|
| Scoil Moling-Glynn | €44,998 |
| Halla Chill Fhoirtchearnáin | €27,036 |
| Carrchlós Pobail Dhroim Féich | €14,949 |

## An Scéim Deontas Caipitil don Súgradh agus an tÁineas 2022

Tugadh deontas caipitil €18,000 do Chomhairle Contae Cheatharlach chun tabhairt faoi oibreacha ar Chlós Súgartha na Buiríse.

## An Scéim Cistiúcháin Oileáin Chomhroinnte um Fhorbairt na nÚdarás Áitiúil

D'éirigh le Comhairle Contae Cheatharlach €250,000 a áirithiú faoin Scéim Cistiúcháin Oileáin Chomhroinnte um Fhorbairt na nÚdarás Áitiúil sa bhliain 2022. Tugadh an cistiú chun staidéar indéantachta Uile-Éireann a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann bealach lán-nasctha siúil a ritheann ó thuaidh agus ó dheas a fhorbairt ar Bhealach Cholmáin agus chun toradh eacnamaíoch an bhealaigh sin a mheas.

Is í Comhairle Contae Cheatharlach an phríomh-Chomhairle don tionscadal. Is í Comhairle Buirge na hArda agus an Dúin Thuaidh an príomh-chomhpháirtí sa tionscadal, ag gníomhú di in éineacht le naoi nÚdarás Áitiúla eile (sé cinn ón Deisceart agus trí cinn ón Tuaisceart).

Tá an bealach coincheapa bunaithe ar bhealach spioradálta a ritheann ó Stua Laighean, áit bhreithe Cholmáin, go Contae Fhear Manach agus ar aghaidh go Beannchar, Contae an Dúin, áit ar thug Colmán aghaidh ar an Eoraip ina dhiaidh sin.

Iarradh tairiscintí don Staidéar Indéantachta i mí na Nollag 2022 agus dámhfar an conradh go luath sa bhliain 2023.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach

Fuair Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach cistiú bliantúil iomlán €110,700, a bhí comhdhéanta de €35,000 ó Chomhairle Contae Cheatharlach agus de €75,700 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Bhí 333 bhallghrúpa ghníomhacha san iomlán cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach ag deireadh na bliana 2022.

| Coláistí | An Líon Ball |
|---|---|
| An Coláiste Comhshaoil | 12 |
| An Coláiste Cuimsithe Shóisialta | 34 |
| An Coláiste Pobail agus Deonach | 287 |

Déantar ionadaíocht pobail do Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach ar 32 shuíochán ar raon éagsúil bord agus coistí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- Bord Thurasóireacht Cheatharlach
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Oirdheiscirt
- An Comhchoiste Póilíneachta
- Fóram Forbartha Cheatharlach
- An Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga




*Gairdín bithéagsúlachta, Baile Haicéid*

# Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach

**4,232**
55 Rannpháirtí i gcláir agus tionscnaimh de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach

**53,478**
An líon radharc digiteach a sroicheadh ar 51 ríomhfheasachán sheachtainiúla

**9,354**
An líon amharc a sroicheadh ar www.carlowsports.ie

**9,202**
An líon daoine a ndeachaigh postálacha i bhfeidhm orthu ar fud trí ardán meán sóisialta

**2**
An líon Leabhrán a foilsíodh agus a priontáladh, mar aon le seacht bPreaseisiúint

**12**
An líon feachtas náisiúnta a ndearna Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach iad a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh

**€133,354.87**
Luach an chistiúcháin a dáileadh ar 79 gcinn de chlubanna agus de ghrúpaí pobail

**€200,000**
Luach an chistiúcháin a áirithíodh trí Chiste na gCuntas Díomhaoin

Sa bhliain 2022, thug Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Cheatharlach faoi raon leathan gníomhartha chun leibhéil rannpháirtíochta i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i bpobail áitiúla.






*Rothaíocht a Fhoghlaim agus caithimh aimsire lasmuigh de chuid na Comhpháirtíochta Spóirt.*








# An tSeirbhís Ealaíon

**248**

An líon ealaíontóirí agus grúpaí i gCeatharlach ar tugadh tacaíocht dóibh trí dheontais agus sparánachtaí ealaíon

**50**

An líon cainteoirí a ghlac páirt i 15 sheisiún na Comhdhála 'Places Matter', a óstáladh in Ionad VISUAL Cheatharlach

**€75,000**

An Dámhachtain faoin Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe (Cistiú ón gComhairle Ealaíon)

**1**

An líon ealaíontóirí ar dámhadh Coimisiún Ealaíne Poiblí dóibh

**22,325**

An líon daoine a d'fhreastail ar bhreis agus 140 imeacht ag Féile Ealaíon Cheatharlach

**6,602**

An líon daoine a ndeachaigh postálacha i bhfeidhm orthu ar fud trí ardán meán sóisialta

**2**

An líon ceolchoirmeacha a soláthraíodh le linn 'Féile i Veain' d'Úcránaigh a raibh cónaí orthu i gcóiríocht éigeandála

**214**

Fuair Carlow Live and Local cistiú €143,000 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## 'Tá na hEalaíona ríthábhachtach d'fholláine agus rannpháirtíocht gach duine'

Lean Seirbhís Ealaíon Cheatharlach le hobair go dlúth le pobail ar fud na tíre chun cruthaitheacht agus cleachtas ealaíne a chothú. Leanadh le tionscnaimh a reáchtáil faoin Scéim um Chruthaitheacht sa tSeanaois sa bhliain 2022. D'éirigh le Seirbhís Ealaíon Cheatharlach cistiú breise €100,000 a áirithiú do dhá thionscadal. Malairt Lása na Buiríse – d'fhorbair Seirbhís Ealaíon Cheatharlach comhthionscadal deartha Lása na Buiríse i gcomhpháirt le Mol Ceardaíochta AE. The Long and Short of It – tionscadal drámaíochta, scéalaíochta agus beochana ar cheap Féile Ealaíon Cheatharlach é.

## Trí Sheirbhís Ealaíon Cheatharlach, rinneadh na cláir seo a leanas a threorú, a chur ar aghaidh agus a chothú sa bhliain 2022:

**Giniúint Ceoil Cheatharlach** – i mí Feabhra, d'fhill ceoltóirí óga Ghiniúint Ceoil Cheatharlach ar ais ar ardán Ionad VISUAL chun taibhiú os comhair níos mó ná 170 duine den chéad uair le dhá bhliain anuas mar chuid de Atlantic Arc. Fuair na ceoltóirí óga an deis chun taibhiú in éineacht le Donal Lunny agus le ceoltóirí gairmiúla eile le linn an imeachta deireadh seachtaine.

**Amharclann Óige Chontae Cheatharlach** – agus í á bainistiú ag Seirbhís Ealaíon Cheatharlach, tá an Amharclann faoi stiúir ag éascaitheoirí seanchleachta amharclannaíochta agus téann sí i dteagmháil le scoileanna, le comhordaitheoirí Idirbhliana, le hÓgtheagmháil Cheatharlach, le Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach, agus le Teach an Easpaig, an Tulach. Tá 15 dhuine óga idir 11 bhliain d'aois agus 13 bliana d'aois agus 24 dhuine óga idir 14 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois páirteach i gceardlanna na hAmharclainne Óige faoi láthair.

**An Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe** - tugadh cistiú €75,000 do "Gnáthóga Nádúrtha" faoi Scéim na Comhairle Ealaíon um Chuireadh chun Comhoibrithe. Tá an tionscadal sin ina chomhthionscnamh idir Comhairle Contae Cheatharlach, Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae na Mí, áit a gcomhoibríonn na Comhairlí le gníomhaithe comhshaoil, le healaíontóirí agus le saineolaithe léarscáilithe pobail. Dírítear ann ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar chleachtas áitbhunaithe i láithreáin shaibhre oidhreachta nádúrtha sna trí chontae, lena n-áirítear Portach Ardaithe an Droimín i gCeatharlach, Portach Ráth Iomgháin i gCill Dara, agus Portach na Greallaí ar an Mí.



**An Chomhdháil 'Places Matter'** - d'oibrigh Seirbhís Ealaíon Cheatharlach i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon agus le comhaltaí coiste Rialtais Áitiúil sna céimeanna pleanála den tríú Comhdháil 'Places Matter'. Agus í ar siúl in Ionad VISUAL an 24 agus an 25 Márta, bhí freastal iomlán ann ar an gcomhdháil. Glacadh go han-mhaith leis an gcomhdháil spéisiúil spreagúil sin, agus aird á díriú ar thionscnaimh agus ealaíontóirí Cheatharlach amhail 'Take A Part Carlow', Clifton Redmond agus Colm Broderick lena linn.

**Coimisiúin Ealaíne Poiblí** – tar éis cruinniú de chuid PAWG i mí an Mhárta, ceadaíodh coimre ealaíontóra nua do Choimisiún Ealaíne Poiblí i mBaile Cheatharlach, rud atá á chistiú trí Chlár Infheistíochta Caipitil Fháilte Éireann do Bhailte Ceann Scríbe atá Forbartha agus atá ag Teacht Chun Cinn (2019). Beidh an coimisiún nua suite i bPáirc Bhaile Cheatharlach.

**Carlow Live and Local 3** – rinne Oifig Ealaíon Cheatharlach Carlow Live and Local 3 a stiúradh agus a bhainistiú, agus é ina fhéile ceoil bheo ceithre lá a cuireadh ar siúl i mí an Mheithimh. Ba í an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chistigh an fhéile. Caitheadh €143,000 i gCeatharlach le linn na féile áitiúla, agus deis fostaíochta á cruthú do 214 dhuine aonair (165 ealaíontóir, 44 bhall foirne teicniúla, agus cúigear ball den chriú cruthaitheach). D'fhreastail breis agus 1,700 duine de dhaoine móra ceoil ar an bhféile thar an tréimhse ceithre lá.

**Féile Ealaíon Cheatharlach** – d'fhill Féile Ealaíon Cheatharlach ar ais ar thailte Choláiste Cheatharlach agus ar fud Bhaile Cheatharlach. Óstáladh breis agus 140 imeacht do níos mó ná 22,000 duine le linn na féile ceithre lá.

**Cruinniú na nÓg** – d'fháiltigh Ceatharlach roimh an gcúigiú ceiliúradh bliantúil ar chruthaitheacht leanaí i mí an Mheithimh. Agus é á bhainistiú ag Oifig Ealaíon Cheatharlach, d'áirithíomar €30,000 do Chruinniú na nÓg i mbliana, figiúr a bhí níos airde ná an cistiú a fuarthas sa bhliain 2021. Ghlac 616 rannpháirtí, cúig scoil, naoi gcomhpháirtí agus 16 ealaíontóir páirt sa Chlár! I gcomhar

le hIonad VISUAL agus le Féile Ealaíon Cheatharlach, forbraíodh Clár Ceardlann sé seachtaine ar a dtugtar 'Carnabhal an Áthais'. Tugadh an Carnabhal chuig 123 dhalta i gcúig scoil i gCeatharlach roimh an lá speisialta.

## Oíche Chultúir

D'fhill Oíche Chultúir Cheatharlach ar ais i mí Mheán Fómhair 2022, agus clár de 18 n-imeacht á reáchtáil ag 15 ionad ar fud an chontae. Thaibhigh dháréag ealaíontóirí áitiúla agus seacht ngrúpa ealaíon/taibhiúcháin ar an Oíche, agus 820 duine i láthair.

D'oibrigh **'Take A Part Carlow'** i gcomhar le hionadaithe pobail, le healaíontóirí agus le comhpháirtithe is geallsealbhóirí chun tionscadail ealaíne ar ardchaighdeán atá gafa ón taobh sóisialta de a sholáthar ar Bhóthar na Tulaí. Áirítear leo sin: Léiriú ar "Rubbish" le Outlandish Theatre Platform, tionscadal scannáin, agus an dán "This Place Matters" le Clifton Redmond, rud ar choimisiúnaigh 'Take A Part Carlow' go speisialta é. Catagóir na nÁiteanna Cruthaitheacha a bhuachan ag Gradaim Náisiúnta Ómós Áite IPB. Tionscadal Ealaíne Sráide in Arda an Daoirín. Péinteáil Portráidí Cailce do Chruinniú na nÓg i Sruthán na Carraige. Rannpháirtíocht i dtionscadal BOOST Erasmus+.

Bhí **Áiteanna Cruthaitheacha Mhuine Bheag** ar cheann amháin de na cúig limistéar a cuireadh ar áireamh sa leathnú ar threoirchlár Áiteanna Cruthaitheacha na Comhairle Ealaíon. Cuireadh €450,000 ar fáil ar feadh tréimhse trí bliana chun tionscnaimh nua ealaíon a fhorbairt agus a chothú do gach aoisghrúpa. I mbliain 2, leantar leis an gclár a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe tionscadail sa limistéar, lena n-áirítear Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag, Seirbhísí BEAM, Seirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Forbartha Contae Cheatharlach.



*Féile Ealaíon Cheatharlach*

# An Músaem

**13,000**

An líon cuairteoirí, de dheasca shrianta Covid-19

**4**

An Líon Cruinnithe de chuid Bhord an Mhúsaeim

Stádas faoi Chlár Caighdeán Músaeim na hÉireann

Rinneadh Iarratas ar Chreidiúnú Iomlán i mí Mheán Fómhair 2022

## Bord Mhúsaem Contae Cheatharlach

Thionóil Bord Mhúsaem Contae Cheatharlach ceithre chruinniú le linn na bliana. Ag an 14ú Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid an Bhoird, a tionóladh an 14 Nollaig 2022, toghadh an tUas. Pádraig Dooley mar Chathaoirleach don bhliain 2022, agus é ag glacadh áit an Chomh. Ken Murnane.

## Ar Oscailt le 10 mBliana ar Shráid an Choláiste

An 11 Aibreán, comóradh na deich mbliana a chuaigh thart ó osclaíodh Músaem Contae Cheatharlach go hoifigiúil ar Shráid an Choláiste sa bhliain 2012. Is é sin an tsráid chéanna ar ar oscail Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach an Músaem ocht mbliana is daichead ó shin. Chuaigh fiche bliain thart ó tháinig Comhairle Contae Cheatharlach i gceannas ar oibríochtaí an Mhúsaeim sa bhliain 2002. Tugadh beagnach 170,000 duine cuairt ar an Músaem sna deich mbliana seo a chuaigh thart.

## Seoladh Straitéis agus Shuíomh Gréasáin Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil (LAMN)

Rinne Malcolm Noonan TD, an tAire Stáit um Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin, *An tAm atá Thart a Athshamhlú don Todhchaí*, Straitéis nua Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil don tréimhse 2022-2026, a sheoladh ag Teach an Chustaim Dé Céadaoin an 30 Márta. Chun Lá Idirnáisiúnta na Músaem 2022 a cheiliúradh, cuireadh suíomh Gréasáin nua an Líonra ag www.lamn.ie i bhfeidhm. Ba é Músaem Contae Cheatharlach a chomhordaigh forbairt an tsuímh Gréasáin. Fuair an suíomh Gréasáin cúnamh deontais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin Scéim Taispeántas Músaem Réigiúnach.

## Deontas Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta

Fuair Músaem Contae Cheatharlach deontas ón gComhairle Oidhreachta faoina Ciste Maoirseachta Oidhreachta don bhliain 2022. Tugadh an deontas chun an phlaic den 18ú haois déag san Eaglais Mheitidisteach, Baile Cheatharlach, a chaomhnú agus chun an phlaic a athlonnú chuig an Músaem lena cur ar taispeáint. Comórtar leis an bplaic an chuairt dheireanach a thug John Wesley ar Bhaile Cheatharlach sa bhliain 1789. Bhí John ar dhuine amháin de bhunaitheoirí na hEaglaise Meitidistí agus thug sé cuairt ar an limistéar roinnt uaireanta. Seoladh an tionscadal i gcomhpháirt le hEaglais Mheitidisteach Cheatharlach agus le Comhairle Eaglais Chuarda Chill Chainnigh.

Gan aon sain-idirghabháil, leanfadh an phlaic le meath. Coimisiúnaíodh Gebel and Helling Conservation Ltd, Tiobraid Árann agus Corcaigh, chun an phlaic a dhaingniú, a bhaint d'íoslach na heaglaise, a chur ar thaca nua agus a chur ar taispeáint i Músaem Contae Cheatharlach. Dé Luain an 15 Lúnasa, chuir an Músaem léacht ar stair an Mheitidisteachais i gCeatharlach i láthair i gcomhar le hEaglais Mheitidisteach Cheatharlach agus le Comhairle Eaglais Chuarda Chill Chainnigh don tSeachtain Oidhreachta 2022.

## Tess Arbez, Oilimpeach Geimhridh Cheatharlach

Ag gníomhú dúinn thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach, ár máthaireagraíocht, chomhordaigh Músaem Contae Cheatharlach an Fháilte Abhaile roimh Tess Arbez Dé Céadaoin an 27 Iúil. Rinne Tess ionadaíocht d'Éirinn agus do Cheatharlach dhá uair sna Cluichí Oilimpeacha Geimhridh. Chuir an Comh. Brian O'Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, fáilte oifigiúil abhaile roimpi go Contae Cheatharlach ag imeacht cathartha i Halla an Bhaile i mBaile Cheatharlach, áit ar óstáladh cruinniú poiblí tábhachtach sa bhliain 1925 chun tacú leis an monarcha siúcra i mBaile Cheatharlach a bhunú. Ba í seanathair Tess, agus athair Marguerite, a máthair, ná Francis Neerman, a rugadh i mBaile Cheatharlach sa bhliain 1944. Ba é an mac le Auguste agus Alida Neerman as Gent sa Bheilg. D'oibrigh Auguste do Lippens, an chuideachta Bheilgeach a thóg Monarcha Siúcra Cheatharlach sa bhliain 1926. Tá Tess ar an gcéad Oilimpeach Geimhridh riamh as Contae Cheatharlach, agus í ar an gcéad Oilimpeach baineannach riamh ón gContae freisin.

## San Willibrord, Éarlamh Lucsamburg

Ag gníomhú dúinn thar ceann Chomhairle Contae Cheatharlach, ár máthaireagraíocht, chomhordaigh Músaem Contae Cheatharlach an chuairt chuig Contae Cheatharlach ó Florence Ensch, Ambasadóir Ard-Diúcacht Lucsamburg chuig Éirinn, Dé hAoine an 26 Lúnasa. Bhí an tAmbasadóir Ensch sa chontae chun rianú a dhéanamh ar an gceangal meánaoiseach idir Ceatharlach agus Lucsamburg trí San Willibrord, Éarlamh Lucsamburg agus Chéad Aspal na hÍsiltíre, ar tionscadal é atá á chomhordú ag an Músaem.

Cuireadh an tríú Léacht Dhébhliantúil ar San Willibrord ar siúl in Ardeaglais San Laserian, Seanleithghlinn, Dé Luain an 7 Samhain. Ba é an Dr Michel Summer ó Ollscoil Heidelberg,



*An Teachta Jennifer Murnane O'Connor, Brian O'Donoghue, Cathaoirleach, an tAmbasadóir Ensch, agus Kathleen Holohan, Príomhfheidhmeannach*




*Marguerite Arbez, Brian O'Donoghue, Cathaoirleach, agus Tess Arbez, a rinne ionadaíocht d'Éirinn agus do Cheatharlach dhá uair sna Cluichí Oilimpeacha Geimhridh*

an Ghearmáin, an cainteoir ag an Léacht i mbliana. Ba é téama na Léachta ná *'From Rath Melsigi To Rome: St Willibrord's Career In Its European Context'*.

Thug an Comh. Brian O'Donoghue, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach, agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim, cuairt ar Lucsamburg agus d'amharc siad ar an taispeántas in Echternach. I gCathair Lucsamburg, bhuail an Comh. O'Donoghue agus Dermot le Stephen Dawson, Ambasadóir na hÉireann chuig Lucsamburg, agus le Liz O'Malley, Leas-Cheann an Mhisin.

## Clár Caighdeán Músaeim na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta

I mí Mheán Fómhair, chuir an Músaem iarratas ar Chreidiúnú Iomlán faoi Chlár Caighdeán Músaeim na hÉireann faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta. Tugadh Creidiúnú Eatramhach don Mhúsaem faoin gclár i mí na Bealtaine 2020. Le ceadú ó na Comhaltaí de Chomhairle Contae Cheatharlach agus de Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach, chuir an Músaem sraith pleananna, beartas agus straitéisí le chéile. Rinne comhairleoirí músaeim measúnú ar an láithreán ar an Músaem Dé Céadaoin an 7 Nollaig. Cuirfear toradh an phróisis sin in iúl sa bhliain 2023.

## Leabhar: A History of the GAA in 100 Objects

D'fhoilsigh Merrion Press an leabhar 'A History of the GAA in 100 Objects' le Siobhán Doyle. Cuireadh an leabhar ar an ngearrliosta ansin le haghaidh Leabhar Spóirt Éireannach na Bliana ag Gradaim Leabhar na hÉireann. Tá dhá mhír ó Chontae Cheatharlach le feiceáil sa leabhar agus tá siad araon ar taispeáint i Músaem Contae Cheatharlach. Is iad na míreanna sin ná Corn Haughney agus clár neamhoifigiúil don chluiche idir Ceatharlach agus Ciarraí ó Chluiche Leathcheannais Peile Uile-Éireann sa bhliain 1944. Tá grianghraf de Chorn álainn Haughney, ar thóg baill foirne an Mhúsaeim é, le feiceáil ar chlúdach tosaigh an leabhair.



# Leabharlann Contae Cheatharlach

**3,434**

**An Líon Ball Nua**

**85,544**

**An Líon Cuairteanna Fisiciúla ar Bhrainsí na Leabharlainne**

**85,544**

**An Líon Cuairteanna ar an Suíomh Gréasáin www.carlowlibraries.ie**

**Twitter**

**Amharcadh ar an gcuntas @ carlowlibraries 700,000 uair le linn na bliana 2021 agus bhí 3,088 leantóir aige ag deireadh na bliana**

**383**

**An Líon Imeachtaí a Reáchtáladh le 3 Bhrainse**

## Léitheoireacht agus Litearthacht:

### I dtreo Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Litearthacht

Seoladh an tuarascáil taighde 'I dtreo Chontae Cheatharlach a Thacaíonn le Litearthacht' i mí Lúnasa, rud ar tionscnamh uile-shochaí é lena dtacaítear le Straitéis 10 mbliana an Rialtais um Litearthacht d'Aosaigh don Saol. Tá rún daingean ag Líonra Chomhairle Contae Cheatharlach um an gCeart chun Léamh feasacht a mhúscailt i measc gnólachtaí, seirbhísí agus daoine a chónaíonn i gContae Cheatharlach ar na riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu agus d'fhorbair sé Paca Acmhainní agus sraith físeán chun gabháil leis an tuarascáil. Triaileadh clár Ambasadóirí Litearthachta go rathúil ina dhiaidh sin.

### Sráideanna Scéalta

Leanadh leis an gclár Foghlama Teaghlaigh 'Sráideanna Scéalta' a reáchtáil sa bhliain 2022. Agus é ar siúl i dtrí phobal faoi mhíbhuntáiste i gCeatharlach, bhí an clár ina chomhthionscnamh idir an tseirbhís leabharlainne agus Ionaid áitiúla Acmhainní Teaghlaigh. Ghlac 21 teaghlach páirt sa tionscnamh, a bhfuil mar aidhm leis teaghlaigh a spreagadh léamh le chéile, teaghlaigh a chur ar a gcompord agus iad ag úsáid a leabharlainne poiblí, agus feabhas a chur ar leibhéil feasachta ar litearthacht.

## Seisiúin Céadfaí agus Tacaí Litearthachta

Reáchtáladh sraith seisiún idirghníomhach céadfaí do scoileanna speisialta áitiúla agus d'aonaid riachtanas speisialta. Leis an gclár sin, tugtar deis do rannpháirtithe sóisialú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spraíúla oideachasúla i dtimpeallacht lasmuigh den bhaile nó den scoil. Soláthraíodh leabhráin scéalta sóisialta agus chuir an t-éascaitheoir iad sin san áireamh i ngnéithe de na seisiúin. Ina theannta sin, úsáideadh cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tréimhse cheadúnais Lexia agus TTRS a fhadú, chun LOTE4Kids a thabhairt isteach, chun clár foghlama a éascú do theaghlaigh Úcránacha, chun balla céadfaí a shuiteáil agus chun trealamh eile céadfaí agus gléasanna C-Pen a cheannach.

## Cláir Eile Litearthachta

Reáchtáladh Imeacht Am Scéalaíochta de chuid 'Ceatharlach ag Léamh' chun Lá 'Éire ag Léamh' a cheiliúradh i mí Feabhra. Seachadadh rogha de thrí leabhar agus póstaer gaolmhar gníomhaíochta agus ábhair ghaolmhara chuig 51 cheann d'Ionaid Luathfhoghlama agus de chreiseanna i gContae Cheatharlach. Iarradh ar na hionaid na leabhair a léamh leis na leanaí agus a ghealladh am a chur i leataobh don léitheoireacht ar an lá.

Cuireadh breis agus 68 gcinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí ar siúl ar fud an líonra brainsí chun tacú le tionscnaimh náisiúnta, lenar áiríodh Léim isteach i Scéalta, na Réaltaí Samhraidh, an Fhéile Leabhar do Leanaí, agus Am Teaghlaigh sa Leabharlann.

# AN POBAL AGUS AN CULTÚR

## Stair Áitiúil, Ginealas agus Cartlanna

Coimeádaí cuimhne is ea an tseirbhís leabharlainne poiblí agus tá sí freagrach as taifid chultúir áitiúil agus staire áitiúla a chruthú, a stóráil agus a chur ar fáil. Fuair ár Rannóg Staire Áitiúla/Ginealais 635 fhiosrú tríd an ríomhphost, thar an teileafón agus trí chuairteanna i bpearsa le linn na bliana 2022. Bhí na fiosruithe sin de chineál an-éagsúil, agus iad sa raon idir taighde teaghlaigh, cuairteanna grúpa ó thaighdeoirí thar lear, taighde acadúil, ionduchtúcháin scoile agus tríú leibhéal, agus fiosruithe spéise ginearálta.






*Taibhiú Amharclann Bheag Cheatharlach ag an gcruinniú de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach i mí na Nollag*

Ba do 'Hacketstown A History', leabhar le James P. Shannon, a tugadh an chéad Sparánacht riamh ó Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach do Thionscadail Staire Áitiúla. Sheol John Shortall, an Leabharlannaí Contae, an leabhar i mí Dheireadh Fómhair agus cumhdaítear ann an saol i mBaile Haicéid thar na blianta, ón ré Neoiliteach go dtí an lá inniu. Pléitear topaicí éagsúla sa leabhar, idir sheandálaíocht, na Normannaigh, an Gorta, chogaí réabhlóideacha, chogaí talún, spórt agus reiligiún.

Lean Leabharlann Contae Cheatharlach le hábhar is údar spéise áitiúla a cheannach chun cur lena bailiúchán síormhéadaitheach. Le linn an tsamhraidh, cuireadh tús leis an obair chun ábhar a aistriú ón gCartlann Contae chuig Ionad Taifead Chomhairle Contae Cheatharlach. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin ar bhonn pleanáilte agus céimnithe.

### Deich mBliana na gCuimhneachán

Eagraíodh raon éagsúil tionscnamh mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán sa bhliain 2022. Foilsíodh an leabhar "Lives Cut Short" le Christopher Power, inar pléadh le gach duine de mhuintir Cheatharlach a fuair bás de dheasca na troda ar son Neamhspleáchas na hÉireann. Foilsíodh an leabhar "Tom Kehoe: The Man from Two Counties", leabhar eile le Christopher Power, inar tugadh cuntas ar an saol a bhí ag duine amháin de na réabhlóidithe ba cháiliúla riamh de mhuintir Cheatharlach. Foilsíodh an leabhar "Carlow and the Oral Tradition" le Dave Barron agus reáchtáladh oíche amhránaíochta agus filíochta chun an leabhar a sheoladh.

Leithdháileadh Deontais Phobail ar Imreoirí Chluain na nGall, ar Choiste Ionad Pobail Mhísil agus ar Dave Barron chun imeachtaí ceadaithe a eagrú. Tugadh boinn chomórtha do sheisear de mhuintir Cheatharlach atá céad bliain d'aois nó níos sine le linn na bliana freisin. Scaipeadh forlíonadh 16 leathanach in The Nationalist chun 100 bliain an Gharda Síochána i gCo. Cheatharlach a chomóradh. Athchruthaíodh íomhánna ó stair Cheatharlach i bhfoirm míreanna mearaí lena ndáileadh ar scoileanna sa chontae.

Léirigh Amharclann Bheag Cheatharlach sraith gníomhartha a bhí bunaithe ar eachtraí thréimhse Dheich mBliana na gCuimhneachán agus thaibhigh sí iad ag an gcruinniú de chuid Chomhairle Contae Cheatharlach i mí na Nollag. Cuireadh foilseachán ar a dtugtar "Writer's Respond" le chéile, rud ina ndéanann drámadóirí, filí agus scríbhneoirí machnamh ar théama Chogadh na gCarad. Seolfar an foilseachán i mí na Bealtaine 2023 chun deireadh na tréimhse céad bliain a chomóradh.

## BUAICPHOINTÍ IMEACHTAÍ AGUS CLÁR 2022

### Oíche Chultúir

D'éirigh go geal le hOíche Chultúir sa bhliain 2022, agus imeachtaí i bpearsa á reáchtáil an athuair lena linn. D'óstáil an tseirbhís leabharlainne taibhithe ó Ghrúpa Scríbhneoireachta Cruthaithí Foghlaimeoirí Aosacha Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Chainnigh agus Cheatharlach, ó Choláiste Ceoil Cheatharlach agus ó Scéalaithe Cheatharlach Dé hAoine an 23 Meán Fómhair. Mar chuid den taibhiú ó Scéalaithe Cheatharlach, chualathas scéalta ó roinnt den diaspóra Afracach a chónaíonn i gCeatharlach anois, mar aon le hamhráin ó shaoránaigh Úcránacha a tháinig chuig an tír seo le déanaí de dheasca an chogaidh.

### Taispeántais

Áiríodh leis na taispeántais i Seomra Shaw sa bhliain 2022 saothair ealaíne le Cuallacht Péintéirí na Rátha Gile agus le Made in Carlow araon, taispeántas d'ábhair athchúrsáilte agus uaschúrsáilte le Botháin Fear Cheatharlach do Sheachtain Forbartha Inbhuanaithe na hEorpa, agus saothair Chriadóireachta agus Ghrianghrafadóireachta le Scéim Athshlánúcháin Drugaí Pobail Lá Nua. Reáchtáladh taispeántais póstaer i mí an Mhárta, i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag i gcomhar le Cumann Forbartha na Tulaí. D'eagraigh an Cumann na comórtais agus thaispeáin an leabharlann na saothair le daltaí áitiúla bunscoile.

### An Ghaeilge

Áiríodh leis na himeachtaí Gaeilge a bhí ar siúl ranganna blaiste Gaeilge ar eagraigh Gaelchultúr agus Glór Cheatharlach iad i mí Mheán Fómhair, mar aon le Scéalaíocht do leanaí óga a reáchtáladh sa leabharlann i mí






Dheireadh Fómhair mar chuid d'Fhéile an Fhómhair.

## Amanna Scéalaíochta

Cuireadh amanna scéalaíochta do leanaí ar siúl ar fud na bliana, agus iad á reáchtáil ar an Satharn i gcomhar le Wibbly Wobbly Wendy nó ar an gCéadaoin i gcomhar le baill foirne leabharlainne i Leabharlann Lárnach Cheatharlach. D'fhreastail breis agus 500 leanbh san iomlán ar na 13 sheisiún dhifriúla. Reáchtáil baill foirne leabharlainne i Leabharlann na Tulaí Amanna Scéalaíochta do leanbáin/lapadáin gach seachtain ar mhaithe le leanbáin agus leanaí óga a chur ag léamh agus a chur i dteagmháil le daoine eile i suíomh leabharlainne.

## Foghlaim a Dhéanamh Spraíúil

Soláthraíodh foghlaim dhigiteach do leanaí idir 8 mbliana d'aois agus 10 mbliana d'aois le linn ceardlann ceithre seachtaine a reáchtáil baill foirne leabharlainne i Leabharlann na Tulaí. D'fhoghlaim leanaí faoi conas úsáid a bhaint as World Book, ar acmhainn ar líne de chuid na seirbhíse leabharlainne é, agus táibléid á soláthar dóibh ag an leabharlann.

## Éire Ildánach ag an Leabharlann

**Am lóin sa leabharlann** – cuireadh sraith cainteanna d'údair aosacha ar siúl i Leabharlann Lárnach Cheatharlach le linn mhí na Samhna. D'fhreastail 121 aosach san iomlán ar na sé chaint le húdair Éireannacha atá seanbhunaithe agus atá ag teacht chun cinn araon.

**Cruthaitheoirí Beaga sa Leabharlann** – cuireadh 24 imeacht Fómhair do leanaí ar siúl ar fud gach ceann de na ceithre leabharlann.

**Tionscadal Cairde Pinn** – eagraíodh ceithre cheardlann ar líne a bhí dírithe ar scríobh litreacha. Ghlac 64 dhuine de dhaoine óga, de dhaltaí dara bliain i bPobalscoil na Tulaí agus de bhaill de Leabharlann Phoiblí Bhardas Chathair Šiauliai (an Liotuáin), comhleabharlann de chuid Sheirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach trí chlár Comh-Leabharlann NAPLE, páirt sa chlár.

**Oidhreacht Ceoil Cheatharlach a Iniúchadh** – reáchtáladh trí cheardlann i gcomhar le Giniúint Ceoil Cheatharlach, agus gléasanna ceoil thraidisiúnta amhail an fhidil agus an consairtín á n-úsáid lena linn. Reáchtáladh ceardlann amhránaíochta do leanaí mar chuid den chlár freisin.

**Cruinniú na nÓg** – cuireadh trí thaibhiú le ensembles óga ceoil thraidisiúnta ó Ghiniúint Ceoil Cheatharlach – Reelig, Reel-Nua agus ReelÓg – ar siúl ag an aon am amháin i dtrí bhrainse leabharlainne. Bhain 74 dhuine taitneamh as na taibhithe, ar chistigh Giniúint Ceoil Cheatharlach í féin iad trí Oifig Ealaíon Chontae Cheatharlach. Bhain 21 duine eile taitneamh as ceolchoirm am lóin saor in aisce le Coláiste Ceoil Cheatharlach, agus James ó na Teanóir Cheilteacha páirteach inti. D'fhreastail 35 leanbh ar dhá cheardlann de chuid Dhéantóirí Ceoil, a bhí dírithe ar leanaí réamhscoile a bhí ag iarraidh foghlaim faoi ghléasanna ceoil den chéad uair riamh.

## Foghlaim agus Faisnéis

**Leis an gclár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann** (ar tionscnamh náisiúnta é), soláthraítear raon acmhainní, seirbhísí agus tacaíochta d'úsáideoirí agus pobail ar fud

Cheatharlach agus bunaítear leabharlanna mar fhoinse luachmhar faisnéise sláinte laistigh den phobal.  Sa bhliain 2022, chomhoibrigh Leabharlann Cheatharlach le Meabhairshláinte Éireann agus le Meabhairshláinte Cheatharlach chun trí cheardlann a reáchtáil faoin tionscnamh. D'éascaigh Gina Delaney na ceardlanna sin, ag ar cabhraíodh le rannpháirtithe tuilleadh eolais a ghnóthú ar roinnt de na príomh-chomhpháirteanna d'fhéinchúram agus cur leis an muinín atá acu as na comhpháirteanna sin a chur i ngníomh.

# Tionscadail Leabharlainne

## Foirgneamh na Toirbhearta a Athfhorbairt

I lár mhí Lúnasa, thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ceadú foirmiúil d'Iarratas Chéim 3 faoin bPróiseas Bainistíochta Caipitil Ceithre Chéim le haghaidh Leabharlann Lárnach Cheatharlach a shíneadh agus a athchóiriú ag Foirgneamh na Toirbhearta, Sráid na Tulaí, Co. Cheatharlach.

**Mo Leabharlann Oscailte, an Bhuiríos**

Rinneadh athchóiriú fairsing ar an Seomra Cruinnithe i gcóngar na leabharlainne, agus na hoibreacha athchóirithe uile á gcur i gcrích i gcomhréir leis na moltaí sa tuarascáil ó na hAiltirí Caomhantais.  Suiteáladh scáileán faisnéise poiblí agus soláthraíodh tábla/ scáileán tadhaill idirghníomhach freisin. Tá an córas 'Mo Leabharlann Oscailte' réidh le cur i mbun feidhme, ar feitheamh córais a chomhtháthú. Fuair an tionscadal seo cistiú €97,388 (75%) ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus cistiú meaitseála €32,462 (25%) ó Chomhairle Contae Cheatharlach.

**Mo Leabharlann Oscailte, an Tulach**

Cuireadh dearadh inmheánach ar bhealach isteach nua chuig an leabharlann i gcrích. Dámhadh conarthaí chun na hoibreacha tógála riachtanacha a dhéanamh, chun both RFID a shuiteáil agus chun córas Leabharlainne Oscailte a chur i bhfeidhm tar éis próiseas tairisceana a reáchtáil trí ríomhardán Quick Quotes. Ceannaíodh scáileán taispeána agus táibléid Hublet freisin. Fuair an tionscadal seo cistiú €93,600 (90%) ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus cistiú meaitseála €10,400 (10%) ó Chomhairle Contae Cheatharlach.

**Córas Bainistíochta Leabharlainne**

Cuireadh Spydus, an Córas náisiúnta nua Bainistíochta Leabharlainne, i bhfeidhm an 29 Márta. Tá an córas á chomhordú go lárnach ag an Aonad Forbartha Leabharlann laistigh den Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Tar éis tairiscint náisiúnta, stiúrfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath cur chun feidhme an chórais, agus í i dteagmháil le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Cheatharlach agus leis an Rannóg TF le cúpla mí anuas. Is é an toradh a bheidh ar Spydus a thabhairt isteach go soláthrófar córas feabhsaithe nua ar líne do bhaill leabharlainne i gCeatharlach. Is féidir le baill a gcuntais leabharlainne a bhainistiú ar líne, catalóg de 12 mhilliún mír a bhrabhsáil agus míreanna a chur in áirithe lena bhfáil ar iasacht.

## Tionscnaimh Nua

Rinne baill de Sheirbhís Leabharlainne Contae Cheatharlach 'Cathaoirleach', an chéad scéim Sparánachtaí riamh do mhic léinn iarchéime a chónaíonn i gCeatharlach, a fhorbairt agus a bhainistiú thar ceann an Chomhairleora Fintan Phelan, an Cathaoirleach.

Rinne baill foirne de leabharlanna Cheatharlach seisiúin chomhairliúcháin agus suirbhé comhairliúcháin a chomhordú agus a bhainistiú go rathúil do Mheasúnú ar Riachtanais Daoine Óga i gCeatharlach. Leag an Cathaoirleach an tuarascáil deiridh faoi bhráid na gcomhaltaí tofa ag an gcruinniú de chuid na Comhairle i mí an Mheithimh.

# Seirbhísí Oidhreachta

**2**

An Líon Cruinnithe de chuid Fhóram Oidhreachta Cheatharlach a Tionóladh

**7**

An Líon Iarratas ar Chistiú Oidhreachta Pobail ar Tacaíodh leo

**8**

An Líon Imeachtaí Comhairliúcháin Phoiblí a Eagraíodh

**28**

An Líon Imeachtaí For-rochtana Poiblí a Eagraíodh

**€249,500**

Reáchtáladh Imeachtaí agus Rinneadh trí Chiste Oidhreachta a Ghiaráil agus a Riar

## Fóram Oidhreachta Cheatharlach

Cuireadh an chéad chruinniú de chuid Fhóram Oidhreachta Cheatharlach ar siúl in Ionad VISUAL, Ceatharlach, i mí na Bealtaine 2022. Tá an Comh. John Murphy ina Chathaoirleach ar an bhFóram Oidhreachta. Tá an fóram comhdhéanta de mheascán d'ionadaithe tofa, d'ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, d'ionadaithe ó ghrúpaí oidhreachta agus d'ionadaithe ó na Rannóga sin sa Chomhairle Contae a phléann go díreach nó go hindíreach leis na trí shnáithe d'oidhreacht – oidhreacht thógtha, oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht chultúrtha. Oibríonn an Fóram neamhreachtúil i gcomhar leis an Oifigeach Oidhreachta chun Plean Oidhreachta Cheatharlach a chur i gcrích agus cinntíonn sé go gcuirtear an plean chun feidhme chun tairbhe do mhuintir Cheatharlach.

Fuarthas cistiú ón gComhairle Oidhreachta chun ceardlanna éascaithe ar líne a sholáthar mar chuid den chéim comhairliúcháin réamhdhreachta ar Phlean Oidhreachta Cheatharlach i mí na Samhna/i mí na Nollag 2022. Forlíonadh na ceardlanna sin trí shraith de cheithre imeacht comhairliúcháin i bpearsa a reáchtáil sna ceithre leabharlann Contae.

## Ciste na nDéanmhas Stairiúil 2022

Fuarthas cistiú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun oibreacha riachtanacha caomhantais a dhéanamh ar thrí Dhéanmhas Chosanta i gContae Cheatharlach. Ba iad seo na hoibreacha sin: doras theach geata Theach na Buiríse, an Bhuiríos, a athchóiriú agus an dromchla cloiche ar dhéanmhas gaolmhar a ghlanadh; rindreáil aoil a chur i gcrích agus fuinneoga a shuiteáil ag Túr an Chorráin, an Bhuiríos; agus saisfhuinneoga a chaomhnú ag Teach Áth na Muilte, Áth na Muilte.

## An Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha 2022

Fuarthas cistiú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun oibreacha a dhéanamh ar cheithre dhéanmhas chosanta i gContae Cheatharlach, rud a chinntíonn infheistíocht phríobháideach sna déanmhais. Ba iad seo na hoibreacha sin: athchóiriú simléir a dhéanamh ag teachín i Limistéar Caomhantais Ailtireachta na Buiríse; sclátaí nua a chur ar theach amuigh ag Feirm Áth Fhád, an Tulach; agus fuinneoga a athchóiriú ag Óstán Step House, an Bhuiríos, agus ag Teach Gléibe Dhún Leicne, Muine Bheag.

## Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Bhain dhá shéadchomhartha seandálaíochta i gContae Cheatharlach tairbhe as cistiú ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail sa bhliain 2022. Leis an gciste, cumasaítear d'úinéirí príobháideacha séadchomharthaí, do ghrúpaí pobail agus d'údaráis áitiúla pleananna a ullmhú, obair a dhéanamh nó léirmhíniú a dhéanamh do chaomhnú séadchomharthaí seandálaíochta. Fuair Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach cistiú do dhara céim de shuirbhé geoifisiceach laistigh de na tailte atá tadhlach leis an Séadchomhartha Náisiúnta ag Caisleán Bhaile Muáin. Chomh maith leis sin, fuair Comhairle Contae Cheatharlach cistiú chun Tuarascáil Caomhantais a ullmhú d'eaglais mheánaoiseach Mhichíl, Tigh na hInse, Ceatharlach.

## An tSeachtain Bithéagsúlachta 2022

Ceiliúradh náisiúnta na bithéagsúlachta in Éirinn is ea an tSeachtain Bithéagsúlachta, ar lena linn a thugtar deis do phobail gabháil do ghnéithe den bhithéagsúlacht agus iad a phlé. D'eagraigh Oifig Oidhreachta Cheatharlach trí imeacht chun an tSeachtain a chomóradh.

## Tionscadail Oifig Oidhreachta Cheatharlach

Fuarthas cistiú chun Treoirshuirbhé a dhéanamh ar Dhéanmhais Dhúchasacha laistigh de thrí ghráig lonnaíochta stairiúla ar an gCarraig Dhubh. Dearadh an tionscadal



*Fintan Phelan, an Cathaoirleach, an tAire Patrick O'Donovan, an Teachta Malcolm Noonan agus an Méara Ken Murnane ag na hoibreacha inrochtaineachta ag Dolmain Chnoc an Bhrúnaigh*

mar chleachtadh feasachta oideachais, chun cabhrú le pobail teacht ar chistiú le haghaidh déanmhais dhúchasacha laistigh de Chontae Cheatharlach. Fuair Oifigí Oidhreachta Cheatharlach, Chill Dara agus Laoise cistiú chun dhá fhíseán thaighdebhunaithe a léiriú ina n-insítear scéal oidhreachta Rás Gordon Bennett.

## An tSeachtain Oidhreachta 2022

Ceiliúradh náisiúnta na hoidhreachta in Éirinn is ea an tSeachtain Oidhreachta. Ag obair di i gcomhar le grúpaí pobail agus le Rannóga éagsúla sa Chomhairle Contae, d'eagraigh an Oifig Oidhreachta 25 imeacht éagsúla ar fud an Chontae. I measc na n-imeachtaí sin bhí léachtaí, ceardlanna, taispeántais agus siúlóidí treoraithe do gach aoisghrúpa.

## An tAthrú Aeráide agus an Oidhreacht Thógtha agus an tSeandálaíocht

Tugadh cistiú Éire Ildánach don Oifig Oidhreachta chun suirbhé fótagraiméadrach a dhéanamh ar Theach Suarach, ar déanmhas dúchasach uathúil ar an gCarraig Dhubh é. Tá an suirbhé mar chuid de mhodheolaíocht chun tionchar an Athraithe Aeráide a shainaithint chun tacú leis an bPlean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus don tSeandálaíocht.

# Mótarcháin

**Soláthraíonn Rannóg Mótarchánach Chomhairle Contae Cheatharlach ardchaighdeán seirbhíse.**

Bíonn an oifig phoiblí ar oscailt ón Luan go dtí an Aoine, ó 10 am go 12.30 pm. Bíonn an tseirbhís ar líne ar fáil 24 huaire sa lá, seacht lá sa tseachtain agus 365 lá sa bhliain ag www.motortax.ie. Is tríd an tseirbhís ar líne a dhéantar thart ar 80% de na hidirbhearta uile.

Próiseáladh 18,300 idirbheart dar luach iomlán €3.09 milliún san oifig phoiblí Mótarchánach sa bhliain 2022. Próiseáladh 70,200 idirbheart dar luach iomlán €9.76 milliún ar líne freisin. Rinneadh 88,500 idirbheart dar luach iomlán €12.85 milliún le linn na bliana.



# Aguisíní



# Aguisín 1

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ag an 31 Nollaig 2022

| | € | € |
|---|---|---|
| | **2022** | **2021** |
| **Sócmhainní Seasta** | 1,102,143,351 | 1,097,110,439 |
| | | |
| Obair idir Lámha agus Réamhspeansais | 9,447,814 | 5,565,043 |
| | | |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 57,293,979 | 53,270,532 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | - | - |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 7,528,765 | 9,722,488 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | 54,600,188 | 56,060,447 |
| Airgead sa Bhanc | 3,565,354 | 109,992 |
| Airgead ar Láimh | 133,474 | 97,733 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | 65,827,781 | 65,990,660 |
| | | |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Rótharraingt Bhainc | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 16,349,341 | 17,586,073 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| **Dliteanais Reatha Iomlána** | 16,349,341 | 17,586,073 |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha)** | 49,478,440 | 48,404,587 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iasachtaí is Iníoctha | 34,330,967 | 36,471,257 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| Taiscí Inaisíoctha | 3,439,533 | 3,453,281 |
| Eile | 18,443,720 | 15,621,593 |
| **Creidiúnaithe Iomlána** | 56,214,220 | 55,546,131 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | 1,162,149,364 | 1,148,804,470 |
| | | |
| Maoinithe ag: | | |
| Cuntas Caipitlithe | 1,102,143,351 | 1,097,110,439 |
| Obair idir Lámha – Ioncam | 5,570,745 | 2,918,935 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | 860,054 | 818,701 |
| Iarmhéideanna Eile | 53,575,214 | 47,956,395 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,162,149,364** | **1,148,804,470** |

# Aguisín 2

## Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais)

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas ar fad le chéile sa ráiteas cuntais ioncaim agus caiteachais. Léirítear ann an barrachas (nó an t-easnamh) don bhliain.

| Caiteachas de réir Rannóige | Ollchaiteachas 2022 | Ioncam 2022 | Glanchaiteachas 2022 | Glanchaiteachas 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 17,172,398 | 20,022,245 | (2,849,847) | (2,062,047) |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 13,536,540 | 9,066,565 | 4,469,975 | 4,674,114 |
| Uisce agus Séarachas | 4,437,931 | 4,196,342 | 241,589 | 237,822 |
| Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha | 6,188,598 | 2,359,099 | 3,829,499 | 3,589,155 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 7,461,705 | 1,786,531 | 5,675,174 | 5,502,941 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 4,322,178 | 169,391 | 4,152,787 | 3,573,871 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 262,682 | 63,493 | 199,189 | 256,982 |
| Ilghnéitheach | 4,770,804 | 5,111,315 | (340,511) | 1,653,511 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **58,152,836** | **42,774,981** | **15,377,855** | **17,426,349** |
| **Glanchostas na Rannóg a chisteofar ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil.** | | | **15,377,855** | **17,426,349** |
| Rátaí | | | 15,061,941 | 15,104,128 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 6,341,370 | 6,340,624 |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean | | | - | - |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe | | | 6,025,456 | 4,018,403 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCúlchiste | | | (5,984,105) | (3,972,218) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **41,351** | **46,185** |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir** | | | **818,701** | **772,516** |
| **An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig** | | | **860,052** | **818,701** |

# Aguisín 3

## Comhdhálacha/Seimineáir/Oiliúint ar fhreastail Comhairleoirí orthu sa bhliain 2022

| Dáta | Oiliúint/Comhdhálacha/ Seimineáir | Ionad | Na Comhairleoirí a bhí i Láthair | Taisteal/ Cothú/ Speansas | Táille na Comhdhála |
|---|---|---|---|---|---|
| 17 Feabhra 2022 | Modúl 1 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Sábháilteacht Phearsanta agus Measúnú Rioscaí Comhaltaí Tofa" | Óstán Páirce an Mhuilinn Chearr, an Iarmhí | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Arthur McDonald | 478.99 | 140.00 |
| 19 Feabhra 2022 | | Óstán Silver Springs, Clayton, Co. Chorcaí | An Comh. Ken Murnane, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 874.07 | 210.00 |
| 19 Feabhra 2022 | An Chomhdháil Cheilteach, "Úsáid na Meán Sóisialta i bhFeachtais Pholaitíochta" | Óstán O'Donovan's, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | An Comh. Tom O' Neill agus an Comh. F. Browne | 968.26 | 200.00 |
| 4-6 Márta 2022 | An Chomhdháil Cheilteach, "Turasóireacht, Cúrsaí Digiteacha agus Margaíocht" | Cairlinn, Co. Lú | An Comh. William Quinn | 492.87 | 100.00 |
| 23/24 Márta 2022 | Comhdháil Bhliantúil Earraigh Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Forbairt Tuaithe" | Inis Eoghain, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 2,766.06 | 620.00 |
| 11/12 Aibreán 2022 | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Óstán Chill Chainnigh | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Ken Murnane, an Comh. J Pender | 282.44 | 480.00 |
| 27/28 Aibreán 2022 | Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca, "Athbheochan Tuaithe tar éis na Paindéime – Na Dúshláin agus na Deiseanna atá ann maidir lenár n-acmhainn a bhaint amach" | Óstán na Mainistreach, Ros Comáin, F42 F992 | An Comh. Ken Murnane, an Comh. John McDonald | 637.19 | 260.00 |
| 12 Bealtaine 2022 | Modúl 2 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Gníomhú ar son na hAeráide agus Ról an Rialtais Áitiúil" | Óstán Treacy's, Inis, Co. an Chláir | An Comh. Ken Murnane, an Comh. John McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 1,540.20 | 280.00 |
| 14 Bealtaine 2022 | | Óstán Radharc an Chnoic, Muineachán, Co. Mhuineacháin | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Arthur McDonald | 814.35 | 140.00 |
| 16 Meitheamh 2022 | Modúl 3 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Do Phlean Forbartha a Thabhairt Chun Críche – Príomhchéimeanna agus príomhcheanglais ó na Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha" | Óstán Bhá Hodson, Ros Comáin | An Comh. Ken Murnane, an Comh. John McDonald | 666.27 | 140.00 |
| 18 Meitheamh 2022 | | Teach Avalon, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh | An Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender | 99.57 | 140.00 |
| 22 Iúil 2022 | Modúl 4 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "An Coiste Iniúchóireachta Údaráis Áitiúil agus Ról Rialachais agus Formhaoirseachta an Chomhalta Thofa" | Óstán Allingham Arms, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall | An Comh. Ken Murnane, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender | 1,481.02 | 210.00 |

| Dáta | Oiliúint/Comhdhálacha/ Seimineáir | Ionad | Na Comhairleoirí a bhí i Láthair | Taisteal/ Cothú/ Speansas | Táille na Comhdhála |
|---|---|---|---|---|---|
| 14/15 Meán Fómhair 2022 | Comhdháil Oiliúna Fómhair Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "An Rialtas Áitiúil a Cheiliúradh" | Óstán Knightsbrook, Baile Átha Troim, Co. na Mí | An Comh. Thomas Kinsella, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 1,793.84 | 775.00 |
| 17 Meán Fómhair 2022 | Comhdháil Náisiúnta na gCéadfhreagróirí | Óstán Páirce an Mhuilinn Chearr, an Iarmhí | An Comh. Ken Murnane, an Comh. William Paton | 566.34 | 61.50 |
| 01/09/2022 | An Chomhdháil Náisiúnta Bithéagsúlachta 2022, "Conas is féidir le hÚdaráis Áitiúla aghaidh a thabhairt ar an Éigeandáil Bithéagsúlachta" | Óstán na Trá, Luimneach | An Comh. William Paton | 223.60 | 0.00 |
| 7-9 Deireadh Fómhair 2022 | An Chomhdháil Cheilteach, "Pinsin agus Sochair Scoir Stáit na hÉireann" | Óstán O'Donovan's, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | An Comh. John Pender | 774.46 | 100.00 |
| 22 Deireadh Fómhair 2022 | Modúl 5 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Míchumas agus Cuimsiú" | Óstán Brehon, Cill Airne, Co. Chiarraí | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender | 2,030.39 | 280.00 |
| 27 Deireadh Fómhair 2022 | | Óstán Radisson, Sligeach | An Comh. William Quinn | 386.85 | 70.00 |
| 9 Samhain 2022 | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil, "An Ghéarchéim Costas Maireachtála agus Fuinneamh Inbhuanaithe agus Inathnuaite" | Óstán Four Seasons, Muineachán | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Ken Murnane, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 3,631.83 | 960.00 |
| 11-13 Samhain 2022 | An Chomhdháil Cheilteach, "Ról an Údaráis Áitiúil maidir le freastal ar riachtanais daoine scothaosta" | Cairlinn, Co. Lú | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Arthur McDonald | 995.93 | 200.00 |
| 17 Samhain 2022 | Modúl 6 de Chlár Oiliúna Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, "Cosaint Sonraí - An Méid is Gá a bheith ar Eolas ag Comhairleoirí" | Óstán an Túir, Port Láirge | An Comh. Ken Murnane | 146.28 | 70.00 |
| 25 Samhain 2022 | | Óstán Shí an Bhrú, an Uaimh, Co. na Mí | An Comh. Andrew Gladney, an Comh. Arthur McDonald, an Comh. John Pender, an Comh. William Quinn | 1,337.45 | 280.00 |

| Dáta | Oiliúint Oideachais | Saoráid Oideachais | Na Comhairleoirí a bhí i Láthair | Táille Oideachais |
|---|---|---|---|---|
| 2021-2022 | MA i nDlí agus Beartas Eorpach | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | An Comh. Fintan Phelan | 1,500.00 |

# Aguisín 4

## Freastal na gComhaltaí Tofa ar Chruinnithe a tionóladh sa bhliain 2022

| Ainm an Chomhairleora | Iomlán na gCruinnithe a Tionóladh | An Líon Cruinnithe | % |
|---|---|---|---|
| Fergal Browne | 40 | 37 | 92.50 |
| John Cassin | 32 | 30 | 93.75 |
| Andrea Dalton | 52 | 51 | 98.08 |
| Michael Doran | 39 | 39 | 100.00 |
| Andrew Gladney | 37 | 30 | 81.08 |
| Thomas Kinsella | 43 | 40 | 93.02 |
| Arthur McDonald | 41 | 41 | 100.00 |
| John McDonald | 36 | 35 | 97.22 |
| Ken Murnane | 36 | 35 | 97.22 |
| Charlie Murphy | 28 | 24 | 85.71 |
| John Murphy | 38 | 37 | 97.37 |
| Brian O'Donoghue | 40 | 37 | 92.50 |
| Tom O'Neill | 52 | 48 | 92.31 |
| William Paton | 40 | 37 | 92.50 |
| John Pender | 32 | 31 | 96.88 |
| Fintan Phelan | 37 | 35 | 94.59 |
| William Quinn | 42 | 37 | 88.10 |
| Adrienne Wallace | 32 | 32 | 100.00 |

# Aguisín 5

## Íocaíochtaí le Comhaltaí Tofa sa bhliain 2022 (Alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001)

| Ainm an Chomhairleora | Íocaíocht Ionadaíochta | Liúntas Speansas Bliantúil | Liúntas Ceantair Bhardasaigh | Stáiseanóireacht | Fón Póca | Táillí Oideachais | Liúntas Coiste Beartais Straitéisigh | Liúntas Cathaoirligh | Liúntas Leas-Chathaoirligh | Taisteal agus Cothú Intíre | Taisteal agus Cothú Thar Lear | Iomlán na nÍocaíochtaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fergal Browne | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €1,523.54 | €198.84 | € - | € - | €6,117.46 | € - | €517.05 | € - | €34,876.80 |
| John Cassin | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €1,499.00 | €201.25 | €699.00 | € - | € - | € - | € - | € - | €28,919.16 |
| Andrea Dalton | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | € - | € - | € - | € - | € - | € - | € - | € - | €26,519.91 |
| Michael Doran | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €186.00 | €110.34 | € - | € - | € - | € - | € - | € - | €26,816.25 |
| Andrew Gladney | €21,664.97 | €4,434.67 | €509.79 | €1,568.30 | € - | € - | €2,806.44 | € - | € - | €1,154.90 | € - | €32,139.07 |
| Thomas Kinsella | €21,664.97 | €4,940.71 | €509.79 | €1,260.56 | €355.15 | € - | €6,000.00 | €4,867.92 | € - | € - | € - | €39,599.10 |
| Arthur McDonald | €21,664.97 | €4,261.77 | €509.79 | €1,409.11 | €118.38 | € - | €6,000.00 | €3,058.74 | € - | €2,075.98 | € - | €39,098.74 |
| John McDonald | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €1,137.00 | € - | € - | € - | € - | €1,947.16 | €352.85 | € - | €29,956.92 |
| Ken Murnane | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €1,499.02 | €142.06 | € - | € - | €5,841.50 | € - | €854.49 | € - | €34,856.98 |
| Charlie Murphy | €21,664.97 | €4,846.63 | €509.79 | €1,500.00 | € - | € - | € - | € - | € - | € - | € - | €28,521.39 |
| John Murphy | €21,664.97 | €4,814.59 | €509.79 | €1,058.87 | € - | € - | €6,000.00 | € - | €2,039.16 | € - | € - | €36,087.38 |
| Brian O'Donoghue | €21,664.97 | €4,761.07 | €509.79 | €1,360.92 | € - | € - | € - | € - | € - | € - | € - | €28,296.75 |
| Tom O'Neill | €21,664.97 | €4,282.03 | €509.79 | €1,410.00 | €128.71 | € - | € - | €10,195.78 | € - | €485.32 | € - | €38,676.60 |
| William Paton | €21,664.97 | €4,282.03 | €509.79 | €1,197.59 | €142.06 | €1,500.00 | € - | € - | € - | € - | € - | €29,296.44 |
| John Pender | €21,664.97 | €4,325.25 | €509.79 | €1,521.25 | €201.26 | € - | € - | € - | € - | €2,489.93 | € - | €30,712.45 |
| Fintan Phelan | €21,664.97 | €4,345.15 | €509.79 | €1,434.74 | € - | € - | € - | €9,735.82 | € - | € - | €551.99 | €38,242.46 |
| William Quinn | €21,664.97 | €5,828.14 | €509.79 | €1,331.20 | €108.24 | € - | €3,193.56 | € - | € - | €1,392.14 | € - | €34,028.04 |
| Adrienne Wallace | €21,664.97 | €4,282.03 | €509.79 | €1,459.58 | €142.06 | € - | € - | € - | € - | € - | € - | €28,058.43 |

# Aguisín 6

## Cearta an Duine

Agus an Plean á ullmhú aici, thug an Chomhairle aird ar shaincheisteanna leathana amhail Cuimsiú Sóisialta, Comhionannas, Cuspóirí um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus é a Mhaolú, Forbairt Inbhuanaithe, Seirbhís Ardchaighdeáin agus Ceannaireacht Pobail. Tugann an Chomhairle aird freisin ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, mar a leagtar amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cuirtear ceangal ar an gComhairle leis an dualgas sin freisin aird a thabhairt ar an ngá leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

A. Deireadh a chur le hidirdhealú

B. Comhionannas Deise agus cóir chomhionann dá foireann agus do na daoine a soláthraíonn sí seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus

C. Cearta Daonna a cuid comhaltaí agus ball foirne agus na ndaoine a soláthraíonn sí seirbhísí dóibh a chosaint. Tá Comhairle Contae Cheatharlach tiomanta sa Phlean seo do thacú leis an gClár um Beatha Daoine a Bhunathrú chun Feabhais maidir le daoine faoi mhíchumas chun tacú leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha, áineasa, fóillíochta agus spóirt agus chun comhlíonadh a dhéanamh ar a ról ina chinntiú gur cuid dhílis d'iarrachtaí tithíochta príomhshrutha í tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas.

Léirítear ról na Comhairle maidir le himircigh agus pobail nua sa Phlean Corparáideach agus i Straitéis Imeasctha Imircigh Cheatharlach 2020-2024.



*Teach Cúirte Mhuine Bheag*

# Aguisín 7

## An Fhoireann Ardbhainistíochta



**Michael Rainey**
*Príomhfheidhmeannach Eatramhach*



**Kathleen Holohan**
*Príomhfheidhmeannach*
*(A chuaigh ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2022)*



**Pat Delaney**
*Ceann Airgeadais: Maoiniú, Córais Faisnéise, Ealaíona agus Cultúr*



**Michael Brennan**
*Stiúrthóir Seirbhísí: Pobal, Tithíocht, Áineas agus Taitneamhacht*



**Kieran Cullinane**
*Stiúrthóir Cúnta Seirbhísí: Gnóthaí Corparáideacha/ Acmhainní Daonna, Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Forbairt Eacnamaíoch/an Oifig Fiontair Áitiúil*




**Fiona O'Neill**
*Stiúrthóir Cúnta Seirbhísí: Freagairt Dhaonnúil Úcránach*



**Pádraig O'Gorman**
*Stiúrthóir Seirbhísí: Iompar, an Comhshaol agus Seirbhísí Uisce, Rialú Foirgníochta agus Seirbhísí Éigeandála*


# Aguisín 8

## An Timpeallacht Oibriúcháin Áitiúil



# Aguisín 9

## Struchtúr Eagrúcháin



# Nótaí

COMHAIRLE CONTAE
CHEATHARLACH

CARLOW COUNTY COUNCIL

**Halla an Chontae**
**Bóthar Bhaile Átha Í, Ceatharlach, R93 E7R7**

**Halla an Bhaile,**
**Sráid Centaur, Ceatharlach, R93 TK85**

**Seomraí Tionóil,**
**40 Sráid Bhaile Átha Cliath, Ceatharlach, R93 X3T5**

**Oifigí Cathartha na Tulaí,**
**An Bóthar Faoisimh Laistigh, An Tulach, Co. Cheatharlach, R93 WP86**

**Oifigí Cathartha Mhuine Bheag,**
**Halla Cuimhneacháin Daniel McGrath, Bóthar an Iarnróid, Muine Bheag,**
**Co. Cheatharlach, R21 WR66**

**059 9170300**
**info@carlowcoco.ie**

**www.carlowcoco.ie**
**@Carlow_Co_Co**